University College Dublin	131,280	3,935	10,764	7,694	73,465	227,138	174,168
University College Cork	116,459	3,068	6,761	6,599	42,118	175,004	149,095
National University of Ireland Galway	97,586	3,147	8,053	3,723	30,404	142,914	122,042
Maynooth University	79,723	8,484	8,917	1,784	9,616	108,523	102,015
Trinity College Dublin	103,321	7,644	12,625	7,194	53,778	184,562	145,043
University of Limerick	87,357	758	2,848	8,313	18,805	118,080	112,071
Dublin City University	91,074	3,268	4,365	10,956	11,556	121,219	112,007
Technological University of the Shannon	18,704	1,308	74	7,361	1,638	29,085	
Athlone Institute of Technology	26,664	1,030	140	5,006	187	33,029	41,232
Institute of Technology Carlow	32,885	1,809	403	7,928	1,088	44,113	39,219
Cork Institute of Technology	0	0	0	0	0	0	82,373
Dundalk Institute of Technology	25,032	2,062	40	4,892	661	32,687	35,031
Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology	14,258	719	166	562	723	16,429	16,659
Galway-Mayo Institute of Technology	41,348	8,851	65	6,334	2,491	59,089	49,668
Limerick Institute of Technology	26,741	1,341	45	5,797	516	34,440	47,079
Letterkenny Institute of Technology	23,817	2,311	25	3,329	1,024	30,506	28,953
Institute of Technology Sligo	33,998	3,729	304	9,641	1,137	48,808	45,522
Institute of Technology Tralee	0	0	0	0	0	0	24,134
Waterford Institute of Technology	49,664	2,434	534	6,470	1,617	60,719	57,492
Technological University Dublin	144,078	9,669	1,364	18,984	5,507	179,601	164,001
Munster Technological University	88,841	6,225	164	17,549	1,740	114,519	
National College of Art and Design	12,261	1,316	0	2,864	2,684	19,125	15,319
Mary Immaculate College	22,639	697	319		2,671	26,326	29,211
St Angela's College	7,171	226	0		1,202	8,599	7,683
Dublin Institute of Advanced Studies			173			173	251
Economic and Social Research Institute			0			0	29
Griffith College	0		3,348	43	3,391	1,493	
HEAnet	0	0	0	0	0	0	849
Institute of Public Administration			15	0	15	93	
Other Irish Private Institutions	0		22,969	65	23,033	17,536	
Irish Universities Association	1,333		210	0	378	1,921	878
Technological Higher Education Association	274		0	0	274	411	
Marino Institute		0			277	277	286
National College of Ireland	0	0	0	3,486	47	3,532	3,523
National University of Ireland	13		0	0	357	370	484
St Patricks Carlow College					21	21	15
Pontifical University			33	33	33	46	
Royal College of Surgeons	5,756	0	1,286	2,441	103	9,586	9,731
Royal Irish Academy	5,601	75	500		340	6,516	4,587
Royal Irish Academy of Music			15	15	15	346	
Shannon College of Hotel Management			0	0	0	17	
St Nicholas Montessori College	0		-0	-1	-2	94	
Teagasc		245				245	48
UK Institutions		0		174	174	-35	
Grant Refunds to European Commission			0	0	0	1,586	
Assoc. for Higher Education Access & Disability	300					300	275
European Research Partners		501				501	345
Health Research Board		1,081				1,081	2,695
EU Institutions – HERA Projects		3,488				3,488	6,876
HECA	402				20	422	
<b>TOTAL</b>	<b>1,288,578</b>	<b>74,106</b>	<b>65,457</b>	<b>175,238</b>	<b>266,501</b>	<b>1,869,880</b>	<b>1,652,478</b>

## Grant Schedule 2021 RECURRENT GRANTS PAID

Institution	STRATEGIC CORE €	FEES €	NURSING €'000	INITIATIVES €'000	OTHER €'000	TOTAL 2021 €'000	TOTAL 2020 €'000
University College Dublin	58,898	48,999	6,803	9,164	7,415	131,280	136,341
University College Cork	48,359	45,983	6,476	10,419	5,222	116,459	123,573
National University of Ireland Galway	43,875	38,827	3,528	6,745	4,610	97,586	98,090
Maynooth University	28,401	36,303	0	11,205	3,814	79,723	74,392
Trinity College Dublin	45,336	37,798	8,842	5,984	5,360	103,321	111,896
University of Limerick	33,980	35,172	3,528	10,024	4,653	87,357	86,078
Dublin City University	38,421	36,035	5,962	5,430	5,226	91,074	90,016
Technological University of the Shannon	11,397	2,316		1,074	3,917	18,704	
Athlone Institute of Technology	15,517	1,626	1,677	7,862	-17	26,664	31,191
Institute of Technology Carlow	23,028	3,114	0	5,274	1,470	32,885	29,367
Cork Institute of Technology	0	0	0	0	0	0	67,309
Dundalk Institute of Technology	17,646	2,281	3,204	822	1,080	25,032	26,403
Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology	10,809	1,909		678	862	14,258	14,720
Galway-Mayo Institute of Technology	30,645	5,467	1,298	1,525	2,413	41,348	39,200
Limerick Institute of Technology	22,327	3,371	0	1,063	-21	26,741	35,990
Letterkenny Institute of Technology	15,930	2,331	2,111	2,554	892	23,817	22,165
Institute of Technology Sligo	23,491	2,459	0	5,999	2,048	33,998	32,340
Institute of Technology Tralee	0	0	0	0	0	0	18,263
Waterford Institute of Technology	33,682	5,415	3,232	5,197	2,138	49,664	46,720
Technological University Dublin	107,112	15,467	0	10,336	11,163	144,078	135,343
Munster Technological University	63,617	9,391	2,087	9,091	4,656	88,841	
National College of Art and Design	6,850	4,244	0	325	841	12,261	11,802
Mary Immaculate College	10,749	8,700		2,670	519	22,639	24,586
St Angela's College	2,549	2,289	1,549	442	342	7,171	6,649
HECA					402	402	
Griffith College	0	0	0	0	0	0	-
HEAnet	0	0	0	0	0	0	849
Other Irish Private Institutions						0	-
Irish Universities Association	0	0	0	1,333	0	1,333	786
Technological Higher Education Association				274		274	394
National College of Ireland	0	0	0	0	0	0	-
National University of Ireland	13	0	0	0	0	13	13
Royal College of Surgeons	0	2,374	0	3,290	92	5,756	7,302
Royal Irish Academy	3,563	0	0	2,038	0	5,601	3,763
St Nicholas Montessori College	0	0	0	0	0	0	-
Assoc for Higher Education Access & Disability	300					300	275
<b>TOTAL</b>	<b>696,498</b>	<b>351,869</b>	<b>50,296</b>	<b>120,819</b>	<b>69,096</b>	<b>1,288,578</b>	<b>1,275,814</b>

## Grant Schedule 2021 SKILLS GRANT PAID

Institution	APPRENTICESHIP €'000	SPRINGBOARD+ €'000	HCI €'000	JULY STIMULUS €'000	TOTAL 2021 €'000	TOTAL 2020 €'000
University College Dublin	0	1,631	5,811	252	7,694	4,629
University College Cork	0	1,065	5,284	249	6,599	4,938
National University of Ireland Galway	0	1,181	2,561	-19	3,723	1,969
Maynooth University	0	259	1,302	222	1,784	758
Trinity College Dublin	0	817	6,359	17	7,194	2,731
University of Limerick	1,051	1,884	4,862	515	8,313	4,505
Dublin City University	0	1,242	10,228	-514	10,956	4,937
Technological University of the Shannon	1,811	3,712	1,887	-49	7,361	
Athlone Institute of Technology	1,632	2,499	1,140	-264	5,006	6,991
Institute of Technology Carlow	2,276	1,788	3,608	256	7,928	5,589
Cork Institute of Technology	0	0	0	0	0	8,789
Dundalk Institute of Technology	3,473	950	706	-237	4,892	4,436
DúnLaoghaire Institute of Art, Design & Technology		417	96	49	562	311
Galway-Mayo Institute of Technology	3,368	2,486	551	-70	6,334	5,778
Limerick Institute of Technology	2,682	1,321	1,695	99	5,797	6,627
Letterkenny Institute of Technology	281	3,052	362	-366	3,329	2,920
Institute of Technology Sligo	3,934	2,027	3,632	48	9,641	6,289
Institute of Technology Tralee	0	0	0	0	0	3,702
Waterford Institute of Technology	3,638	1,564	1,422	-155	6,470	5,784
Technological University Dublin	9,585	3,317	6,268	-185	18,984	15,326
Munster Technological University	9,331	2,301	5,549	368	17,549	
National College of Art and Design	0	0	2,864	0	2,864	814
Mary Immaculate College					0	-
St Angela's College					0	-
Griffith College	162	1,329	0	1,857	3,348	1,412
HEAnet	0	0	0	0	0	-
Institute of Public Administration	0	0	0	15	15	93
Other Irish Private Institutions	422	15,962	3,806	2,778	22,969	17,505
Irish Universities Association	0	0	0	0	0	-
Technological Higher Education Association					0	-
National College of Ireland	353	2,797	231	104	3,486	2,947
National University of Ireland	0	0	0	0	0	-
Royal College of Surgeons	0	0	2,240	201	2,441	1,073
Royal Irish Academy	0	0	0	0	0	-
St Nicholas Montessori College	0	0	0	-0	-0	5
<b>TOTAL</b>	<b>44,000</b>	<b>53,603</b>	<b>72,464</b>	<b>5,171</b>	<b>175,238</b>	<b>120,86</b>

## Grant Schedule 2021 OTHER GRANTS PAID

Institution	SUPERANNUATION €'000	ACCESS €'000	ERASMUS €'000	OTHER €'000	TOTAL 2021 €'000	TOTAL 2020 €'000
University College Dublin	68,434	3,824	1,049	158	73,465	19,176
University College Cork	36,540	4,380	476	723	42,118	11,615
National University of Ireland Galway	24,420	2,182	1,325	2,477	30,404	10,186
Maynooth University	5,723	3,387	391	114	9,616	3,146
Trinity College Dublin	50,983	1,890	603	302	53,778	14,635
University of Limerick	12,188	3,315	1,737	1,564	18,805	16,013
Dublin City University	7,075	3,009	436	1,036	11,556	10,243
Technological University of the Shannon		1,350	55	234	1,638	
Athlone Institute of Technology	0	163	19	5	187	705
Institute of Technology Carlow	0	1,093	-38	33	1,088	987
Cork Institute of Technology	0	0	0	0	0	1,486
Dundalk Institute of Technology	0	652	-34	42	661	791
DúnLaoghaire Institute of Art, Design & Technology		388	108	228	723	536
Galway-Mayo Institute of Technology	0	2,571	-94	14	2,491	1,649
Limerick Institute of Technology	0	277	219	20	516	1,617
Letterkenny Institute of Technology	0	979	8	37	1,024	1,581
Institute of Technology Sligo	0	947	180	10	1,137	738
Institute of Technology Tralee	0	0	0	0	0	428
Waterford Institute of Technology	0	1,387	190	39	1,617	1,624
Technological University Dublin	0	4,754	502	251	5,507	4,577
Munster Technological University	0	1,338	339	63	1,740	
National College of Art and Design	2,375	212	85	12	2,684	2,375
Mary Immaculate College	1,800	656	187	28	2,671	3,404
St Angela's College	995	149	47	11	1,202	833
St. Pats Carlow College		21			21	14
Pontifical College		29	3		33	32
Marino College		269	9		277	241
Griffith College	0		18	25	43	81
HEAnet	0			0	0	-
Institute of Public Administration	0			0	0	-
Other Irish Private Institutions			30	35	65	33
UK Institutions		174			174	35
Irish Universities Association	0	378		0	378	93
Technological Higher Education Association					0	17
National College of Ireland	0	2		45	47	316
National University of Ireland	357			0	357	471
Royal College of Surgeons	0	48	3	52	103	197
Royal Irish Academy	340			0	340	490
Royal Irish Academy Of Music			15		15	346
St Nicholas Montessori College	0		-1	0	-1	89
Shannon College of Hotel Management		0	0		0	17
Grant Refunds to European Commission					0	1,586
HECA				20	20	
<b>TOTAL</b>	<b>211,229</b>	<b>39,824</b>	<b>7,869</b>	<b>7,579</b>	<b>266,501</b>	<b>112,333</b>



**Higher Education Authority**

3 Shelbourne Buildings  
Crampton Avenue  
Shelbourne Road  
Ballsbridge  
D04 C2Y6

**Contact**

Phone: +353 1 231 7100  
Lo-Call Number: 1890 200 637  
Fax: +353 1 231 7172  
Email: [info@hea.ie](mailto:info@hea.ie)

## Tuarascáil bhliantúil 2021

## CLÁR ÁBHAIR

1 Réamhrá ón Dr Alan Wall, POF	4
2 Litir ón gCathaoirleach, an tUasal Michael Horgan	5
3 Príomhshonraí Ardoideachais 2020/2021	8
4 Feidhmíocht an Údarás um Ard-Oideachas	9
a Rialachas Institiúide, Ceannaireacht agus Barr Feabhas Oibriúcháin	10
b Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht	11
c Barr Feabhas Cáiliúchta agus Acadúil	12
d Fianaise, Beartas agus Pleanáil Straitéiseach	12
e Cothromas Rochtana	18
f Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht	22
g An tÚdarás um Ard-Oideachas mar Eagraíocht den Scoth	25
h Claochlú Digiteach	27
5 Rialachas Corparáideach	28
6 Ráitis Airgeadais	33
7 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	34
1 Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha	46
1 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	50
1 Ráiteas ar loncam, Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coinnithe	52
1 Ráiteas ar loncam Cuimsitheach	53
1 Ráiteas ar an Staid Airgeadais	54
1 Ráiteas maidir le Sreabhaidh Airgeadais	55
1 Nótáí leis na Ráitis Airgeadais	56
1 Sceideal 1 loncam ó Dheontais	73
1 Sceideal maidir le Deontais íoctha	75



## Réamhrá ón Dr Alan Wall, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) 2021 a chur i láthair.

Tá súil agam gur acmhainn fhiúntach an tuarascáil agus na ráitis airgeadais seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhghníomhaíochtaí an Údarás in 2021.

Mar a tharla in 2020, rinne an ÚAO formhór mór a chuid oibre go cianda de dheasca Covid 19. Agus é sin ráite, bhí ullmhúchán á ndéanamh ó thus 2021 chun filleadh ar na hofigí. Rinne an ÚAO dul chun cinn suntasach ar bheartas um obair chumaisc agus cuireadh i gcrích é in 2022 i ndiaidh don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Creat um Obair Chumaisc a fhoilsíú i mí Márta 2022. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann an ÚAO féin as an gcaoi ar éirigh leo dul i ngleic le dúshláin Covid 19 i rith 2021.

Rinne an ÚAO dul chun cinn suntasach ar a chlár um chlaochlú gnó. Forbraíodh treochlár le haghaidh córas todhchaí TF agus tá obair faoi lán seoil chun é sin a chur i bhfeidhm.

Soláthraíodh Córás Bainistíochta Airgid nua agus cuireadh túis leis an obair chun córas nua um bainistíocht páirtithe leasmhara a sholáthar. Tá an ÚAO tar éis bearta a ghlacadh chun a chórais TF a chosaint ó ionsaithe cibearshlándála.

Ba mhaith leis an ÚAO buíochas a ghabhál leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta as roinnt post nua a cheadú faoina plein fórsa saothair, 2019-2021. Fuarthas ceadú eile ag túis 2022 chun cabhrú leis an ÚAO cláir chistiúchán bhreise ar tugadh fúthu in 2021 a bhainistiú, lena n-áirítear an Clár Taighde Thuaidh-Theas. Rinneadh 18 gceapachán nua in 2021. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar na baill foirne seo a leanas a chuaigh ar scor le linn 2021 i ndiaidh seirbhísé fada diograisí don ÚAO.

Mary Dunne, Uasal

Jacintha Healy, Uasal

Gerry O'Sullivan, Uasal

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Dr Terry Maguire a chuaigh ar scor óna ról mar Stiúrthóir an Fhóram Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama i mí na Nollag 2021. Tháinig an Fóram faoi choimirce an ÚAO i mí Eanáir 2022.

Ba mhaith linn go léir san ÚAO cuimhneamh ar ár gcomhghleacaí Liz Anne Worrall, Uasal a d'imir ar shlí na firinne i mí an Mheithimh 2021. Suaimhneas síoraí dá hanam.



## Litir ón gCathaoirleach, an tUasal Michael Horgan

19 Iúil 2022

Simon Harris TD, An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

A Aire, a chara,

Thar ceann an Bhoird agus an Fheidhmeannais, is cúis onóra dom cóip de thuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta an ÚAO don blhain 2021 a chur faoi do bhráid. I ndiaidh na ndeacrachtá a bhí ann in 2020 de dheasca Covid 19, ba dheas na campais ardoideachais a fheiceáil ar oscailt ina n-ionláine arís i bhfómhar 2021. Ba mhór an chabhair ó thaobh na hathosailte de an €57m i gcistiúchán breise a fuarthas chun tacú leis na bearta Covid 19. Tugann an ÚAO aitheantas freisin don €3m breise a cuireadh ar fáil do mheabhairshláinte mac léinn agus an leithdháileadh €6m a fuarthas le haghaidh tástala antaigine in institiúidí ardoideachais.

Seo cuid de na gnólactaí a baineadh amach le linn 2021:

- Comhaontaíodh leis an earnáil teimpléid nua rialachais do Ráitis Bhliantúla Rialachais Institiúidí Ard-Oideachais. Cuireadh túis le hathbhreithniú ar chreat an ÚAO de na córais agus nósanna imeachta atá mar bhonn agus taca de ról lárnach maoirsithe an ÚAO maidir le maoiriú a dhéanamh ar cheanglais rialachais.
- Bhain Clár CPP an Ardoideachais garspriocthábhachtach amach in 2021 agus lean an chéad bheart de shé thionscadal ar aghaidh go dtí céim na tairisceana. Cuirfidh an Clár seo 11 fhoirgneamh ardoideachais nua san ionlán ar fáil, rud a éascóidh thart ar 8,000 clárúchán nua mac léinn.
- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar struchtúr earnáil an ardoideachais nuair a bunáodh, trí Ordú Aire, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthaí Láir ar an 1 Deireadh Fómhair 2021. Rinneadh breis dul chun cinn freisin nuair a bunáodh dhá ollscoil teicneolaíochta eile, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, ar an 1 Aibreán agus ar an 1 Bealtaine 2022 faoi seach.
- Sheol an ÚAO an Clár Taighde Thuaidh-Theas, glao suntasach ar chistiúchán €40 milliún a thacóidh leis na naics atá idir institiúidí ardoideachais, taighdeoirí agus pobail taighde ar oleán na hÉireann a dhoimhniú.
- D'fhoilsigh an ÚAO *Analysis of Graduate Earnings across Higher Education Institutions*. Sa phíosa taighde seo, rinneadh analís ar na héagsúlachtaí ó thaobh pá de ar fud institiúidí an ardoideachais trí rialú a dhéanamh ar thosca ar nós réimse staidéir de réir Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED), cineál na dámhachtana, grád deireanach, inscne, aois, grúpa socheacnamaíoch, cineál na scoile dara leibhéal, pointí Ardteistiméreachta agus earnáil fostáochta.
- Fógraíodh toradh an dara glao ar iarratais ar an Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach (SALI) i mí na Samhna 2021. Ceadaíodh 10 bpost i seacht n-institiúidí ardoideachais.

Táimid ag tnúth le teagmháil a dhéanamh leat féin agus leis an Aire Niall Collins maidir le roinnt príomhthionscnamh a sheachadadh, lena n-áirítear:

- Reachtaíocht nua an ÚAO a achtú.
- Plean nua a sheoladh maidir le Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas.
- Straitéis nua um Thaighde agus Nuálaíocht – Tionchar 2030 a chur chun feidhme.
- Oifig Náisiúnta Printíseachtaí a bhunú.

Cuireann an ÚAO fáilte chroíúil go speisialta roimh an bhfógra a rinne tú i mí na Bealtaine 2022 go mbeidh €307m breise ar fáil don ardoideachas. Táimid ag súil le bheith ag obair leatsa agus leis an Roinn maidir leis an togra ‘Maoiniú don Todhchaí’.

D'éirigh duine amhán as a ról ar an mBord in 2021 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Lorna Fitzpatrick, Uasal as an obair ar fad a rinne sí ar son an ÚAO le linn an dá bhliain a chaith sí mar chomhalta Boird agus mar Uachtaráin Aontas Náisiúnta na Mac Léinn.

De réir Chód Cleactais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, is mian liom tuairisc a thabhairt duit faoi chomhlíontacht an Údarás leis an gcód, agus go háirithe ar na hábhair seo a leanas:

- Níor tharla rud ar bith a raibh tábhacht tráchtala leis le linn na tréimhse tuairiscithe.
- Ní raibh aon idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe.
- Dearbhaím cur cuireadh gach gnás cuí i bhfeidhm maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairtí sócmhainní.
- Thar ceann an Údarás, admhaím ár bhfreagracht as a chinntíú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe an airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Tá ráiteas ar an gcóras Rialuithe Inmheánacha ar fail inár gcuntas airgeadais iniúchta don bhliain 2021 chomh maith le teastas an Ard-Reactaire Cuntas agus Ciste.
- Ghlac an ÚAO an cód athbhreithnithe um iompar gnó do Chomhaltaí an Údarás agus dá chuid fostaithe.
- Thug an Bord faoi chleachtadh meastóireachta seachtrach an Bhoird sa bhliain 2019 agus faoi chleachtadh féinmheastóireachta sa bhliain 2021.
- Cloíonn an ÚAO le treoirínte luach saothair an rialtais i leith an POF agus fhostaithe na heagraíochta.
- Íocatar táillí na gComhaltaí de réir na rátaí a cheadaíonn an Roinn, mar aon le tuarastail agus liúntais a íocatar leis an bhfoireann. Tá an ciorclán Duine Amháin, Tuarastal Amháin arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm san ÚAO.
- Níl aon teagmhas iarchláir chomhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO.
- Cloíonn an ÚAO le riachtanais Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an ÚAO chun noctadtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil dá bhforáltear faoi Alt 22 (1) den Acht.

- Comhlíonann an ÚAO beartas taistil an Rialtais ar gach slí.
- Chomhlíon an ÚAO a chuid dualgas faoin dlí cánach.
- Níl an ÚAO in achrann le comhlacht stáit ar bith eile i láthair na huaire.
- Ghlac an ÚAO le gach beart is gá chun comhlíonadh Chód Cleactais 2016 a chinntiú.
- Níl aon fhochuideachta ag feidhmiú faoi chúram an ÚAO.
- Comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht bhoird na gcomhlachtaí Stáit. Tá ceathrar (50%) bean agus ceathrar (50%) fear ar fhoireann bainistíochta sinsearaí an Údarás um Ard-Oideachas faoi láthair.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Rialachais agus le Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird.

Má tá aon soiléiriú breise uait maidir leis an méid thuasluaite, beidh an ÚAO sásta a leithéid a chur ar fáil duit. Gabhaimid ár mbuíochas do cheannaireacht agus d'fhoireann gach institiúid ardoideachais, d'Feidhmeannacht an ÚAO agus d'fhoireann do Roinn féin as ucht a gcuid dúthrachta leanúnaí i leith na straitéisí náisiúnta.

Mar aon leis an Údarás agus a chuid fheidhmeannaigh, táim ag tnúth le bheith ag obair leat féin agus le do Roinn chun straitéis nua na Roinne a chur i bhfeidhm agus straitéis taighde náisiúnta nua a forbairt.

Is mise, le meas,

Michael Horgan

Cathaoirleach

## Príomhshonraí Ardoideachais 2020/2021



### ROLLUITHE

Rinneadh 245,663 rollú san iomlán in 2020/21, sin méadú 4.2% ó 2019/20. Tháinig méadú 6% (go 46,195) ar líon na rolluithe nua (fochéime céad bliana lánaimseartha).



### ROLLUITHE EACHTRACHA

Méadú 11.6% (go 25,383) ar líon na rolluithe idirnáisiúnta sa bhliain 2021/21. Ba rolluithe neamh-AE iad 17,643 (69.5%) de na rolluithe idirnáisiúnta sa bhliain 2021/21.



### CINEÁL CLÁIR

Ba rolluithe céime onóracha iad 149,427 (61%) de na rolluithe iomlán sa bhliain 2020/21. Ba iad máistreacht múinte (11%) an dara grúpa ba lónmhaire.



### RÉIMSE STAIÐÉIR

Ba é an réimse Gnó, Riaracháin agus Dlí (54,706 rollú, 22.2%) an réimse staidéir ba lónmhaire, agus ina dhiaidh sin, bhí an réimse Sláinte agus Folláine (17.3%) agus réimse na hEalaíona agus na nDaonnachtaí (13.8%).



### TREOCHTA INSCNE

Tá an bhearna rannpháirtíochta inscne tar éis leathnú arís - 132,649 rollú ban sa bhliain 2020/21 (méadú 4.8% ar 2019/20) i gcomparáid le 112,650 rollú fireann (suas 3.4% ar 2019/20).



### LÓN NA GCÉIMITHE

Tháinig ardú 4.7% ar líon na gcémithe sa bhliain 2020 suas go 81,461. Léirigh na hinstiúidí seo a leanas na méaduithe is mó: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (méadú 34.3%), Coláiste San Aingeal Sligeach (méadú 22.4%) agus IT Cheatharlach agus IT Leitir Ceanainn (méadú 14% an ceann).



### CÉIMITHE ONÓRACHA

Tháinig ardú 4.8% ar líon na gcémithe baitsiléara onóracha sa bhliain 2020, suas go 35,336. Tháinig méadú 41.7% ar an líon a ghnóthaigh céadónracha i gcomparáid le 2019.



### RÉIMSÍ STAIÐÉIR NA GCÉIMITHE

Ba as an réimse Gnó, Riaracháin agus Dlí a tháinig 24.8% (20,202 céimí) de na céimithe ar fad in 2020. Bhain 16.3% (13,312) de na céimithe ar fad le cursaí Sláinte agus Folláine.

## FEIDHMÍOCHT AN ÚAO

Is cúis áthais don ÚAO tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar ghníomhaíochtaí faoi na hocht dtéama de phlean straitéiseach an ÚAO.

### a Rialachas Institiúide, Ceannaireacht agus Barr Feabhas Oibriúcháin

Lean an ÚAO ar aghaidh le ról na heagraíochta ó thaobh maoiriú a dhéanamh ar Rialachas Córás a fheabhsú agus a neartú in 2021. I measc na hoibre sin bhí an obair a bhaineann le measúnú agus imscrúdú a dhéanamh ar nochtadh cosanta ar bith a rinneadh don POF, mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus líomhaintí agus gearán eile don ÚAO maidir le cursaí rialachais san ardoideachas. Thug foireann an ÚAO faoi réamhullmhúcháin agus oiliúint in oirchill na reachtaíochta nua um Nochtuithe Cosanta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtas in 2021 agus atá le hachtú in 2022.

Fostaíodh *Mazar's Consulting* chun cabhrú leis an athbhreithniú ar Ráitis Bhliantúla Rialachais 2019/20. Toradh amháin ar an obair seo ná na leasuithe a rinneadh ar an teimpléad tuairiscithe do 2020-21 agus a gcomhaontú sin leis an earnáil. Bhí an teagmháil agus an t-aiseolas idir an ÚAO agus na hinstiúidí ardoideachais maidir leis na Ráitis Bhliantúla Rialachais dearfach cuiditheach. Cuireadh túis le hathbhreithniú de chreat an ÚAO de na córais agus nósanna imeachta atá mar bhonn agus taca de ról lárnach maoirsithe an ÚAO maidir le maoiriú a dhéanamh ar cheanglais rialachais. Thug an ÚAO Comhaontú Maoirseachta isteach in 2021 agus is cuid de na hullmhúcháin atá déanta ag an ÚAO in oirchill cheanglais reachtaíochta nua an ÚAO.

Tionóladh trí chruinniu de chuid Fhóram Rialachais an ÚAO-THEA-IUA in 2021. Le tacaiocht ón ÚAO, lean IUA agus THEA le Clár Tacaíochta Rialachais a sholáthar, lena n-áirítear cláir cheannaireachta institiúide. Chuir IUA agus THEA obair chun cinn freisin maidir leis na Cód Rialachais d'Fhochuideachtaí a bhaineann le hearnálacha éagsúla d'instiúidí ardoideachais agus maidir le ceanglais um shonraí a scóipeáil.

Tháinig an Coiste um Chuntais Phoiblí le chéile leis an ÚAO ar an 1 Iúil 2021. I measc na n-ábhar a pléadh ag an gcruiinniu seo bhí ráitis airgeadais 2019 an ÚAO; cursaí rialachais a bhí ag teacht chun cinn in Ollscoil Luimnígh; easnaimh athfhillteacha agus tionchar ciorruithe maoiniúcháin san ardoideachas; foireann ócáideach a iofcar in aghaidh na huaire in instiúidí ardoideachas; forbairt na nOllscoileanna Teicneolaíochta agus maoiniú Champas ITGNE i Maigh Eo; torthaí iniúchtaí ar mhaoiniú breise instiúidí tríu leibhéal le linn phaindéim COVID-19; áiteanna breise a chur ar fáil in instiúidí tríu leibhéal de dheasca phaindéim COVID-19. Ag éirí as an gcruiinniu, i measc na ngníomhaíochtaí breise cuireadh ar aghaidh ag an ÚAO ar iarratas ón gCoiste tá bailíu sonraí maidir le fostú foirne ócайдí a iofcar in aghaidh na huaire in instiúidí ardoideachas, tuarascáil a sholáthar maidir le campas Mhaigh Eo ITGME agus eolas maidir le compháirtíochtaí agus maoiniú idir instiúidí an ÚAO agus tríu páirtithe.

D'fhoilsigh Knowledge Transfer Ireland (KTI) agus an ÚAO 'A Review of Progress on Intellectual Property (IP) Policies and their implementation in Higher Education' i mí Iúil 2021. Rinne IP Pragmatics an t-athbhreithniú i sampla d'instiúidí ardoideachais. Is éard a bhí san athbhreithniú ná obair leanúnach ar an 'Review of IP Management and Conflicts of Interest' arna dhéanamh ag KTI agus an ÚAO agus a foilsíodh in 2018.

Le maoiniú tríd an ÚAO, lean an IUA agus THEA ar aghaidh ag cur clár institiúideach agus ceannaireachta ar fáil i gcomhar le Advance HEA agus forbairt Rialachais. Rinneadh dul chun cinn freisin ar obair maidir le riachtanais sonraí na hearnála.

### b Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht

Lean maoiniú athfhillteach na n-instiúidí i leith a gcuid chroíghníomhaíochtaí mar chuid bhunúsach d'obair an ÚAO i rith na bliana. Lean paindéim COVID-19 de dhrochthionchar a imirt ar na hinstiúidí ardoideachais agus choinnigh an ÚAO teagmháil ar siúl leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta de réir mar a bhí ullmhúcháin á ndéanamh chun filleadh ar oideachas ar an gcampas. I mí Iúil 2021, d'fhogair an Roinn pacáiste tacaíochta COVID-19 €105 milliún maidir le filleadh sábháilte ar champais tríu leibhéal, agus áiríodh leis sin €57m le haghaidh instiúidí ardoideachais. Cuireadh €3m breise ar fáil le haghaidh meabhairshláinte mac léinn agus €6m le haghaidh tástála antaigine in instiúidí ardoideachais. Rinne an ÚAO leithdháileadh an mhaoinithe seo a bhainistiú.

Le linn Aibreáin agus Bealtaine 2021, cuireadh i gcrích na cruinnithe buiséid bhliantúil agus cuntasactha idir an ÚAO agus na hinstiúidí ardoideachais. Is cuid thábhachtach na cruinnithe seo de monatóireacht agus maoiriú an ÚAO ar chobhsaíocht airgeadais na n-insitiúidí, chomh maith le cuntasacht a chinntí ar fud na hearnála.

Faoi mar a tharla in 2020, chuaigh an ÚAO i mbun teagmhála leis an earnáil, lena hionadaithe agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le háiteanna breise CAO a chur ar fáil chun cabhrú le haistriú mac léinn ionchasacha chuig an ardoideachas, i gcomhthéacs ghráid chreidiúnaithe Ardteist 2021. Sainaithníodh breis agus 3,000 áit bhreise in instiúidí ardoideachais agus cuireadh ar fáil iad do mhic léinn ionchasacha.

In 2021, d'íoc **Aonad na gClár Caipitiúil (ACC)** thart ar €74m amach i maoiniú caipitiúil chuig réimse éagsúil tionscadal ar fud earnáil an ardoideachais amhail foirgneamh nua a thógáil, athchóirithe, suíomhanna a fháil agus tionscadail dícharbónaithe, gach ceann díobh á mhaoiniú faoi chláir agus tionscnaimh éagsúla ACC. Leanann ACC d'lonad Bairr Feabhas a fhorbairt chun tacú le seachadadh mórrhionscadail in earnáil an ardoideachais.

Bhain Clár CPP an Ardoideachais garsprioc thábhachtach amach sa bhliain 2021 agus lean an chéad bheart de shé thionscadal ar aghaidh go dtí céim na tairisceana agus ceapadh an forthairgeoir roghnaithe. Cuirfidh an Clár seo 11 fhoirgneamh ardoideachais nua san iomlán ar fáil, rud a éascóidh thart ar 8,000 áit bhreise do mhic léinn. Tá an chéad bheart de na tionscadail, atá á seachadadh faoi Thionscadal Éireann 2040, lonnaithe i gcampais Bhaile Bláthnáise agus Thamhlachta de chuid OT Bhaile Átha Cliath; i gcampais Chiarrá agus Chorcaí de chuid OT na Mumhan; san Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire; agus in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

I mí Lúnasa 2021, d'éisigh an dara beart de 5 thionscadal cuireadh chun páirt a ghlacadh i bplé le forthairgeoirí a bhfuil suim acu san obair. Tá an chéad bheart de na tionscadail, atá á seachadadh faoi Thionscadal Éireann 2040, lonnaithe i gcampais Phort Láirge agus Cheatharlach de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; i gcampais Dhún na nGall agus Ghaillimh de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh; agus i gcampas Shionainne i Luimneach.

Reáchtáil an ACC atríall eile den Chlár Treoaimsitheora um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú (EEDPP) in 2021. Cuireadh maoiniú ar fáil faoin gclár le haghaidh ocht n-instiúidí ardoideachais chun tionscadail a sholáthar agus é mar aidhm acu foghlaim a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú a chomhtháthú, agus cabhrú le páirtithe leasmhara leanúint ar aghaidh d'eolas, scála agus conairí tástála a chothú, agus obair a dhéanamh i dtreo spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe a bhaint amach.

### c Barr Feabhas Cáilíochta agus Acadúil

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le hobair Fhóram Comhairleach **an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtaireachta**. In 2021, foilsíodh staidéar ar sholáthar céimeanna i gcúrsaí taighde. Léirigh an staidéar go raibh an Creat leabaithe in institiúidí agus go raibh an t-oideachas dochtaireachta in Éirinn i gcomhréir le dea-chleachtas san AE agus sa Ríocht Aontaithe.

Lean Cuibhreannas ORCID na hÉireann ar aghaidh lena chuid oibre agus bhí an ÚAO ina Chathaoirleach ar an gcuibhreannas arís in 2021. Tugann an cuibhreannas aitheantas ar struchtúr athraitheach earnáil an ardoideachais agus é mar aidhm aige pobal cleachtais a fhorbairt agus cur le ballraíocht an chuibhreannais.

In 2021, cuireadh i gcrích an obair ar an g**Creat Náisiúnta Cáilíochtaí maidir le tagairt a chruthú idir an Creat Eorpaigh um Cháilíochtaí agus Féinleimhniúchán Comhoiriúnachta agus an Creat Cáilíochtaí le haghaidh an Réimse Ardoideachais Eorpaigh**. Faoi stiúir Dhearnbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ), bhí Grúpa Stiúradh páirtithe leasmhara oideachais agus saineolaithe idirnáisiúnta, lena n-áiritear an ÚAO, páirteach i ndréachtú na tuarascála. Ghlac údaráis piarcháilíochtaí go maith leis an tuarascáil i dtíortha eile san Eorpach agus sa Choiisiún Eorpach. Mar thoradh air sin, cuireadh feabhas ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí trí a chomhoiriúnacht agus a inchomparáideacht leis na creata Eorpacha seo.

### d Fianaise, Beartas agus Pleanál Straitéiseach

Sheol an ÚAO an Clár Taighde Thuaidh-Theas, glao suntasach ar chistiúchán €40 milliún chun tacú na naisc atá á ndoimhniú idir institiúidí ardoideachais, taighdeoirí agus pobail taighde ar oileán na hÉireann. Le tacaíocht ó Thionscnamh Oileán Chomhroinnt Roinn an Taoisigh agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tá sé mar aidhm ag an gclár taighde tacú le taighde, nuálaíoch agus forbairt chomhoibrítheach idir daoine aonair agus foirne taighde (i ndisciplíní ar leith agus idir disciplíní) agus idir institiúidí ardoideachais ar an oileán. Chomh maith leis sin, tacóidh an clár le taighde a rachaidh chun tairbhe oileán na hÉireann go heacnamaíoch agus go sóisialta. Indiaidh an chéad ghlaobh ar iarratais in 2021, maoineoidh an ÚAO 62 tionscnamh chompháirteach idir institiúidí in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann.

Cuireadh luas mór faoin dul chun cinn i dtreo chlár oibre na n-ollscoileanna teicneolaíochta i rith 2021. Ar an 1 Eanáir, bunaíodh go foirmiúil an dara hOllscoil Teicneolaíochta sa Stát, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, nuair a rinneadh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a chumasc.

Rinne an ÚAO bainistiú ar an athbhreithniú ar iarratais ar na trí ollscoil teicneolaíochta in 2021. I bhfianaise comhairle sláinte poiblí i gcomhthéacs COVID-19, rinneadh an próiseas athbhreithnithe ar iarratais ar líne agus chuir an ÚAO na cumhdaigh iomchuí i bhfeidhm chun láidreacht agus ionracas an phróisis a chinntí.

In Eanáir agus Feabhra 2021, rinne painéal saineolaithe idirnáisiúnta arna cheapadh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta athbhreithniú ar an iarratas ollscoil teicneolaíochta a chuir cuibhreannas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh isteach. I mí na Bealtaine, d'fhogair an tAire ainmniúchán Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir. Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne go foirmiúil ar an 1 Deireadh Fómhair 2021 agus is í an tríú hollscoil teicneolaíochta sa Stát.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhogair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an cinneadh chun stádas ollscoil teicneolaíochta a bhronnadh ar chuibhreannas Chomhaontas Connachta-Ulaidh a chuimsíonn Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceannainn. Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh go foirmiúil ar an 1 Aibreán 2022 i ndiaidh don phainéal saineolaithe idirnáisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas.

I mí lúil 2021, rinne an painéal saineolaithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar an iarratas ar ollscoil teicneolaíochta arna chur isteach ag Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. I ndiaidh próisis fiorúcháin arna bhainistíú ag an ÚAO i mí Eanáir 2022, d'fhogair an tAire an cinneadh go foirmiúil maidir le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a bhunú. Is í an cúigíú hollscoil teicneolaíochta in Éirinn ón 1 Bealtaine 2022.

Tacaíonn Ciste Clochlaithe na nOllscoileanna Teicneolaíochta (CCOT), a thugann infheistíocht €90 milliún thar trí bliana, le cur chun cinn chlár oibre na n-ollscoileanna teicneolaíochta. Rinne an ÚAO monatóireacht ar an dul chun cinn ó thaobh tionscadal clochlaithe arna maoiniú faoi CCOT a chur i bhfeidhm in 2020, agus úsáideadh an leibhéal dul chun cinn a thuairiscigh na hinstíúidí ardoideachais chun bonn eolais a chur leis an leithdháileadh €25.67m de thacaíocht ón CCOT. Ní mór d'fhaighteoíri CCOT tuairisciú don ÚAO ar bhonn leathbhliantúil maidir leis an maoiniú a bronnadh orthu faoi CCOT. Pléitear CCOT freisin ag an leibhéal earnáalach ag cruinnithe de chuid Lónra Taighde na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TURN), eagraíocht a bhfuil an ÚAO ina Chathaoirleach air.

Toisc go raibh an phaindéim fós ar siúl in 2021, síneadh dáta inchálitheachta na Síntí Costálte um Thaighde ar COVID-19 ó 2020 go dtí 2021. Bhí an maoiniú seo thírithe ar thionscadail a bhí go mór i mbaol a neamhchríochnaithe agus ar bhaill foirne taighde ar conradh agus mic léinn ar cuireadh isteach go mór ar a gcuid gníomhaíochtaí taighde de dheasca COVID-19, agus leanadh leis an gcur isteach seo in 2021. Rinne an ÚAO monatóireacht ar úsáid cistí le linn an ama sin agus cuireadh fáilte roimh na hacmhainní ar fud na n-institiúidí ardoideachais.

Chuir grúpa forfheidhmithe idir-rannach faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta túis leis an obair chun clár a fhorbairt chun teacht i gcomharbas ar Nuálaíochta 2020. Faoi Tionchar 2030, thug an ÚAO ionchur maidir le cuir chuige féideartha le glacadh agus comhairliúchán a dhéanamh maidir leis an straitéis náisiúnta nua um thaighde agus nuálaíoch agus maidir leis na téamaí a bheadh mar bhonn agus thaca ag dréacht bhunaidh na straitéise.

D'fheidhmigh an ÚAO agus an Bord Taighde Sláinte mar chomhchathaoirligh ar an bhFóram um Thaighde Oscailte Náisiúnta (NORF). In 2021, seoladh an Tuarascáil Náisiúnta ar Thimpeallacht an Taighde Oscailte. Cuireann an tuarascáil seo maidir le struchtúr na heagraíochta agus coimre beartas, bonn eolais leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Thaighde Oscailte atá le foilsíú.

Tá an ÚAO páirteach sa Ghrúpa Taighde Ardoideachais (HERG) agus foilsíodh a dtuarascáil agus torthaí in 2021. Tugann an tuarascáil seo léargas ar an eiceachóras agus ar na hidirspleáchais chasta atá mar bhonn agus thaca lenár gcorás taighde náisiúnta. Cuimsítear roinnt téamaí sa tuarascáil: tionchar an taighde ardoideachais, infheistíocht phoiblí, comhoibriú taighde sheachtraigh, conairí gairme do thaighdeoirí, agus forbairt náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chuir an ÚAO le rannchuidiú na hÉireann do thuarascáil UNESCO Recommendations on Science and Scientific Researchers. Cuirtear béim sa tuarascáil seo go dtagann cleachtas eolaíochta in Éirinn faoi réir chaighdeáin uilíocha um chearta an duine agus luaitear Prionsabail an Dea-Chleachtais i gCúrsaí Taighde in Institiúidí Ard-Oideachais agus an Creat um Thoiliú san Ardoideachas chun an dírit agus an meas atá ina gcroí-ghnéithe de chultúr na n-institiúidí a léiriú.

I mí líul 2021, thug an ÚAO ionchur maidir le rannchuidíú na hÉireann do shuirbhé **STIP (Beartaíseolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)**. Cumhdaíonn an suirbhé STIP 53 thír, lena n-áirítear geilleagair atá ag teacht chun cinn agus Ballstáit AE nach tíortha OECD iad. Is bunachar cálíochtúil de bheartais agus socruthé rialachais náisiúnta é comhbhunachar STIP an Choimisiún Eorpaigh/OECD, a thacaíonn le dearadh, cur chun feidhme agus measúnú beartas maidir leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht.

Chomh maith leis sin, i rith 2021, chuir an ÚAO acmhainní ar fáil don athstruchtúr a rinneadh ar an bhFóram Náisiúnta um Shláine Thaighde, ar Leabharlann Taighde na hÉireann ar Líne, agus ar thionscnamh Chumann Ollscoileanna Éireann maidir le Taighde Gníomhach.

Tá an ÚAO tar éis taighde a chur ar fáil trí chomhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le roinnt blianta anuas. In 2021, sheoladh an ÚAO *An Analysis of Graduate Earnings across Higher Education Institutions*. Sa phíosa taighde seo, rinneadh analís ar na héagsúlachtaí ó thaobh pá de ar fud institiúidí an ardoideachais trí rialú a dhéanamh ar a leithéid de thosca agus réimse staidéir de réir Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED), cineál na dámhachtana, grád deireanach, inscne, aois, grúpa socheacnamaíoch, cineál na scoile dara leibhéal, pointí Ardteistiméireachta agus earnáil fostáiochta. Soláthraíonn an bunachar mionsonraithe seo eolas cuimsitheach do lucht ceaptha beartas agus institiúidí maidir le patrún tuillimh an mhargaíd saothair i ndiaidh bronnta céime. Déantar cur síos ann ar na gnéithe a imrionn tionchar ar roghanna mac léinn agus an tuilleamh luathchéime a bhíonn acu ina dhiadh sin. Cabhróidh sé sin le institiúidí ardoideachais agus le páirtithe leasmhara eile comhairle ghairme iomchuí agus eolas ábhartha a thabhairt do mhic léinn maidir lena rogha cursa.

Foilsíodh **Anailís ar Chomhoiriúint Cúrsa/Mac Léinn** in 2021. Is anailís é seo ar chomhoiriúint cúrsa/mac léinn san ardoideachas in Éirinn a chuimsíonn 85,000 iontrálaithe sna blianta 2015, 2016, 2017 agus 2018. Léirigh na sonrái go roghnaíonn mic léinn a mbaineann stádas íseal socheacnamaíoch leo agus a fuair lín ard pointí san Ardteistiméireachta institiúidí/cúrsaí ardoideachais neamhroghnaitheacha i bhfad níos minice ná a roghnaíonn mic léinn a mbaineann ardstádas socheacnamaíoch leo agus a fuair lín ard pointí san Ardteistiméireachta.

D'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil dar teideal *The Social and Living Conditions of Higher Education Students in Ireland*. Is cuid den Tuarascáil Eurostudent VII é seo, a thiomsaíonn sonrái comparáideacha maidir le saol mac léinn ar fud na hEorpa. Tugann an suirbhé deis do mhic léinn tuairisc a thabhairt ar ghnéithe éagsúla dá saoil a bhaineann le sláinte agus folláine, ioncam agus caiteachas, agus cúrla socheacnamaíoch go cúrsaí taistil agus cóiríochta. Tá Éire ar cheann de na 30 thír a ghlaic páirt i suirbhé Eurostudent VII in Aibreán/Bealtaine 2019 agus léirítear sa tuarascáil seo torthaí ó nach mór 20,000 mac léinn a bhí ag freastal ar institiúidí ardoideachais in Éirinn ag an am. Léiríonn an tuarascáil seo méaduithe seasta i lín na mac léinn atá ag staidéar i réimse an ardoideachais agus a bhfuil deiseanna níos fearr acu clárú ar chúrsa ardoideachais i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Ar iarratas ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, rinne an ÚAO monatóireacht ar láithreacht mac léinn i gcampais le linn 2021 chun measúnú a dhéanamh ar thionchar shrianta na paindéime ar lín na mac léinn a bhí ag freastal go fisiciúil. San áireamh leis na sonrái seo bhí faisnéis maidir le lín na mac léinn céad bhliana agus mac léinn a bhí cónaí orthu ar an gcampas i saoráidí arna gcur ar fáil ag institiúid ardoideachais. Cé nár fhill campais go lánamhainn de dheasca shrianta na paindéime, bhí lín na mac léinn ar an gcampas ag an leibhéal b'ísele ag túis na bliana, mhéadaigh siad go breis agus 50% de na leibhéal réamhphaindéime le linn 2021.

In 2021, cuireadh i gcrích an obair ar an gCreat Náisiúnta Cálíochtaí maidir le tagairt a chruthú idir an Creat Eorpaigh um Chálíochtaí agus Féindeimhniúchán Comhoiriúnacht agus an Creat Cálíochtaí le haghaidh an Réimse Ardoideachais Eorpaigh. Faoi stiúir Dhearbhú Cálíochta agus Cálíochtaí Éireann (DCCÉ), bhí Grúpa Stiúradh páirtithe leasmhara oideachais agus saineolaithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an ÚAO, páirteach i ndréachtú na tuarascála. Ghlac údarás piarchálíochtaí go maith leis an tuarascáil i dtíortha eile san Eorpach agus sa Choimisiún Eorpach. Mar thoradh air sin, cuireadh feabhas ar an gCreat Náisiúnta Cálíochtaí trína chomhoiriúnacht agus a inchomparáideacht leis na creata Eorpacha seo.

Indiaidh sheoladh an **Chreata Náisiúnta maidir le Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc** i mí Dheireadh Fómhair 2020, leanadh ar aghaidh leis an obair maidir le meabhairshláinte agus folláine san ardoideachas ó thaobh acmhainn a fhorbairt sa chóras. Agus aird á tabhairt ar an mbealach a chur srianta na paindéime idir 2020 agus 2021 brú breise ar sheirbhísí do mhic léinn, rinne an ÚAO maoirseacht ar chur chun feidhme an chreata seo. Mar chuid den obair sin, bhí an ÚAO mar chathaoirleach ar ghrúpa oibre le hinstiúidí ardoideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta, Cumann Ollscoileanna Éireann, an Phondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú agus ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Le cabhair ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, chuir an ÚAO maoiniú suas go €10 milliún ar fáil i 2020 agus 2021 ar mhaith le meabhairshláinte agus folláine. Úsáideadh an t-airgead seo chun foireann bhereise a earcú agus cláir fhor-rochtana a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, úsáideadh é chun taighde a dhéanamh agus sonraí a bhailiú, agus chun tacú a chur ar fáil do thionscadail nuálacha maidir le meabhairshláinte mac léinn.

In 2021, sheol an Roinn Sláinte agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta Cairt agus Creat Ardoideachais um **Champas Sláintíúil**. Tugtar treoiríntse sa chreat seo d'instiúidí ardoideachais maidir le conas cur le gníomhaíochtaí reatha folláine.

agus cabhróidh sé chun sláinte agus folláine reatha a chomhtháthú i gcinntí a bhaineann le teagasc agus foghlaim. Forbraíodh an Creat i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus bunaithe ar Chaiti Idirnáisiúnta Okanagan d'Ollscoileanna a chuireann an tSláinte chun cinn. Tá an ÚAO freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreata agus na Cairete i measc institiúidí ardoideachais. Ceapfar Comhordaitheoir Náisiúnta chun cur chun feidhme tosaigh an Chreata agus na Cairete um Champas Sláintíúil a chur ar aghaidh agus chun tacaíocht a thabhairt d'instiúidí ó thaobh eolais agus dea-chleachtas a chomhroinnt. Anuas air sin, bunófar grúpa comhairleach ina mbeidh ionadaithe ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, ón Roinn Sláinte, ó FSS agus ón ÚAO, chomh maith le hionadaithe institiúide agus mac léinn, chun maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Cuireadh síolchiste €350,000 ar fáil d'instiúidí ardoideachais in 2021 faoin tionscnamh seo.

Lean an ÚAO ar aghaidh ag tacú le hobair **an Fhóraim Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoiríreachta agus Foghlama san Ardoideachas** le linn na bliana. D'athraigh an ÚAO próiseas maoinithe an Chiste um Ailiniú Straitéiseach an Fheabhsaithe Múinteoiríreachta agus Foghlama ó phróiseas bliantúil go próiseas ilbhliantúil. Ligean sé sin do phleanáil chomhtháite straitéiseach ag leibhéal na hinstiúide ar bhealach inbhuanaithe. Tugann sé deis freisin do thionscnaimh institiúide ailiniú le cur chun feidhme moltaí ón tionscadal *Next Steps for Teaching and Learning: Moving Forward Together*, agus ón treochlár náisiúnta iar-2021 maidir le feabhsú múinteoiríreachta agus foghlama.

Mar fhreagra ar na dúshláin a chuir Brexit os comhair institiúidí ardoideachais, chomhaontaigh an rialtas Soghluaiseachtaí Erasmus do Mhic Léinn ó Thuaisceart Éireann a mhaoliniú ag costas €2 mhiliún sa bhliain. Agus é an Ghníomhaireacht Náisiúnta, tá an ÚAO i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara maidir leis an nglaor maoinithe seo a fhorbairt. Leathnaigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Príomhgníomhaíocht Erasmus+ 103 2020 Comhaontuithe Deontais, chun an méid is mó ama agus atá ar fáil a thabhairt d'instiúidí ardoideachais chun leas a bhaint as maoiniú do shoghluaiseachtaí leis an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann.

Reáchtail an ÚAO agus Léargas seoladh fíorúil **Chlár Erasmus+ 2021-2027** ar an 22 Meitheamh 2021, agus bhí 150 duine i láthair, an tAire Simon Harris san áireamh. Tá an Clár nua tar éis roghanna solúbtha soghlaiseachta a thabhairt isteach, e.g. roghanna gearrthéarmacha, soghlaiseacht fhíorúil agus soghlaiseacht dochtúireachta. Is príomhghná den Chlár é na Dianchláir Chumaisc a ligeann do bheis solúbthachta i leith Erasmus+ ó Institiúidí um Ard-Oideachas agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa Chlár.

Leithdháileadh buiséad €9.2 milliún ar an earnáil faoi phríomhgníomhaíocht 131 den Chlár Erasmus+ 2021. Rinneadh iarratas ar bheis agus 7,000 soghlaiseacht mar chuid de ghlaobh 2021/2022. Níor leithdháileadh ach 3,200 soghlaiseacht de dheasca srianta buiséid. Faoi Phríomhgníomhaíocht 2 Erasmus+, rinneadh 18 iarratas faoi Phríomhgníomhaíocht 220 agus rinneadh 20 iarratas ar ghlaobh maoinithe compháirtíochtaí straitéiseacha KA226. Eisíodh ghlaobh maoinithe Compháirtíochtaí Straitéiseacha Príomhgníomhaíocht 226 mar fhreagairt ar Covid-19, ag díriú ar dhá théama Cleachtas nuálaíochta i ré dhigiteach agus ‘Forbairt scileanna agus ionchuimsitheacht tríd an chruthaitheacht agus na healaíona’ i gcomhthéacs Covid-19. Ligeann Príomhgníomhaíocht 220 d’eagraíochtaí a n-acmhainn a mhéadú chun feidhmiú le chéile ag leibhéal trasnáisiúnta agus chun borradh a chur faoi idirnáisiúnú trí chleachtais nua a mhalartú nó a fhorbairt. D’ullmhaigh an ÚAO a thuarascáil bhliantúil 2020 don Choimisiún Eorpach agus cuireadh isteach í i mí Feabhra 2021.

Fuarthas thart ar 3,000 iarratas incháilithe ar an GOI-IES i dtimthriall 2021. Tháinig an coiste roghnúchán le chéile ar an 9 Meitheamh chun an próiseas roghnúchán a fhaomhadh go foirmiúil. Sainaithníodh na 60 dámhachtaí scoláireachta ó 27 thír agus próiseáladh a litreacha.

Maidir le **Comhionannas Inscne**, d’fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna toradh an dara ghlaobh ar iarratais ar an Tionscnamh Ardcheannaireachta Acadúil (SALI) ar an 29 Samhain 2021. Faomhadh 7 n-institiúid ar an iomlán le haghaidh 10 bpost ina leithéid de réimsí amhail Airgeadas Inbhuanaithe, Innealtóireacht Bhithcheiniceach, na Daonnachtaí agus an Gheo-Eolaíocht Inbhuanaitheachta.

Seoladh an dara ghlaobh den **Chiste um Fheabhsú Comhionannais Inscne** i mí an Mheithimh 2021 agus maoiníodh 7 dtionscadal ar fud 17 n-institiúid ardoideachais compháirtíochta. Baineann rátaí arda rathúlachta i gcónaí leis na hinstiúidí ardoideachais agus ranna in Éirinn a dhéanann iarratas ar an gCáirt Athena SWAN, agus gradaim ag 19 institiúid agus 78 roinn, lena n-áirítear an chéad bhonn airgid riamh a bronnadh ar institiúid in Éirinn, i.e. ar Roinn na Fisice in Ollscoil Luimnigh.

Léiríonn Tuarascáil 2021 ar Phróifílí Foirne in Institiúidí Ardoideachais de réir Inscne gur mná iad 27% de na hollaimh in 2020 - sin méadú 1% ar líon 2019. In earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta, is mná a bhí i 36% de phoist na léachtóirí sinsearacha, díreach mar a bhí in 2019.

Leanann Lárionad Feabhas an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar aghaidh ag obair le hinstiúidí ardoideachais agus le hionadaithe na gcomhlachtaí earnála chun tacú leis an g**Creat um Thoiliú** a chur i bhfeidhm. Sa bhliain acadúil 2020/21, thug an ÚAO tacáiocht do chur chun feidhme náisiúnta, earnálach agus áitiúil na hoiliúna ar líne maidir le toiliú agus na hoiliúna ar líne maidir le hidirghabháil an fhéachadóra, chomh maith le hUrlis Tuairiscithe Gan Ainm náisiúnta chun cásanna a bhaineann le bulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach a thuairisciú.

I mí Aibreáin, ar iarratas ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, T.D., rinneadh an ÚAO suirbhé náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar eispéiris foirne agus mac léinn maidir leis an bhforéigean agus an ciapadh gnéasach d’fhoinn bonn eolais a chur le próisis phleanála náisiúnta um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Forbraíodh na suirbhéanna i gcomhairle le sainghrúpa comhairleach (Grúpa Comhairleach an ÚAO maidir le Foréigean agus Ciapadh Inscne-Bhunaithe in Institiúidí Ardoideachais in Éirinn) ina raibh saineolaithe agus páirtithe leasmhara ó phríomhghrúpaí, lena n-áirítear Cumann Ollscoileanna Éireann, Cumann Ardoideachais

Teicneolaíochta, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Comhairle Náisiúnta na mBan, an Lónra Éigeandála um Éigniú in Éirinn, Fóram an Ionaid Éigeandála um Éigniú agus na gníomhaireachtaí náisiúnta maoinithe taighde. Foilseofarorthaí na suirbhéanna sin go luath in 2022.

In 2021, reáchtail Lárionad Feabhas an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú an chéad **Suirbhé Náisiúnta maidir le Comhionannas Cine** i ngach institiúid ardoideachais. Foilsíodh orthaí an tsuirbhé sin i mí Dheireadh Fómhair 2021 i dtuarascáil cheannródaíoch dar teideal “**Comhionannas Cine in Earnáil an Ardoideachais**”. Déanfar breithniú ar thorthaí na tuarascála seo i gcomhairle le Grúpa Oibre Athena SWAN maidir le Trasnachas d’fhoinn Plean Cur Chun Feidhme an Chomhionannais Cine a fhorbairt in 2022.

Leanann an Lárionad de thacaíocht a thabhairt d’obair an Choimisiúin Eorpaigh ó thaobh monatóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais, cuspóirí, spriocanna treoraithe agus gníomhaíochtaí maidir le hinscne ag an leibhéal institiúideach, náisiúnta agus AE, i gcomhréir le Conclúid na Comhairle an 1 Nollaig 2015. Cabhraíonn SHE Figures, ceann d’fhoilseacháin shuaitheanta Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, chun beartas an AE a mhúnlú i leith an chomhionannais inscne i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta trí choimí beartais a shainaithníonn beartais agus bearta eifeachtacha agus tuarascáil bheartais fhoríomlán a fhorbairt.

D’úsáid foilseachán 2021 de SHE Figures na staidrimh ba dhéanaí a bhí ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar staid an chomhionannais inscne i réimse an Taighde & Nuálaíochta ar fud na hEorpa agus lasmuigh di, trí shonraí agus anailís chomparáideach a sholáthar maidir le thart ar 88 táscare. Lean na sonraí ‘turas croineolaíoch’ na mban ó bhronnadh a gcéimeanna dochtúireachta go páirt a ghlaobh sa mhargadh saothar agus ról chinnteoireachta a ghlaobadh, agus na héagsúlachtaí idir cúinsí oibre na mban agus cúinsí oibre na bhfear agus a n-aschur taighde agus nuálaíochta á n-imscrúdú ag an am céanna. Rinne an tlonad ionadaíochta ar Éirinn mar phríomhChomhfhreagraí Staidrimh nuair a ghlaobh sé páirt in dhá chruinníú iomlánach (R1 agus R4 2020) agus chuir saineolas sonraí agus staidrimh ar fáil an foilseachán is déanaí maidir le cúrsaí inscne i réimse an taighde agus nuálaíochta á ullmhú.

Le linn 2021, lean an ÚAO de monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chreat Feidhmíochta an Chórás Ardoideachais 2018-2020 trí phróiseas bliantúil an **Idirphlé um Straitéis agus Feidhmíochta** le hinstiúidí ardoideachais. Chuir institiúidí ardoideachais cás-staidéir isteach chun léiriú a thabhairt ar thionscnaimh nuálacha a chur go mór leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa Chreat agus le tosaíochtaí athraitheacha beartas náisiúnta. Bronnadh cúig Dhámhachtaí Feidhmíochta arbh fhiú €5m ar fad iad ar na hinstiúidí ardoideachais seo a leanas:

**Tábla 1: Institiúidí um Ard-Oideachas ar a mbronnadh Maoiníú Feidhmíochta in 2021 i ndiaidh measúnú seachtrach a dhéanamh ar chás-staidéir.**

Institiúid Ardoideachais	Teideal an Chás-Staidéir um Measúnacht Tionchair	Dámhachtaí Maoinithe Feidhmíochta
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach	Supporting Family Carers Across Ireland	€1m
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	NUI Galway Delivering on Gender Equality	€1m
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Inclusive Education Pathways for Students with Intellectual Disabilities at UCC	€1m
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	Teaching, Learning, Assessment & Student Engagement (TLASE) - Enhancement through Leadership Development and Partnership Approaches	€1m
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	Regional University Network – European University (RUN-EU)	€1m

Úsáidtear na dámhachtainí sin chun tionscnaimh a leathnú agus a chur chun cinn i réimsí áirithe amhail ionchuimsitheacht, rochtain, comhoibriú taighde, ceannaireacht agus cothromaíocht inscne.

Reáchtáladh cruinnithe déthaobhach go fiorúil le hinstiúidí ardoideachais aonair i mí an Mheithimh agus i mí lúil chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach i gcomhshocruithe institiúide agus arna mionsonrú ag institiúidí ardoideachais i dtuarascálacha féinmheasúnaithe. Thug na pléití, a bhí faoi stiúir sainchomhairleoirí, aghaidh ar fheidhmíocht agus straitéis institiúide le linn na bliana acadúla 2019-20 i gcomhthéacs COVID-19. Comhroinneadh an t-aiseolas ar na tuarascálacha féinmheasúnaithe agus na cás-staidéir um measúnacht tionchair le hinstiúidí ardoideachais agus clabhsúr a chur leis an bpróiseas.

In 2021, fuair an ÚAO i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €40m faoi Shaoráid Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin Eorpáigh (NRRF) chun tacú le hathchóirithe teagaisc agus foghlama san earnáil teicneolaíocha. Is í an tSaoráid Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an chompháirt is mó de *NextGeneration EU*, freagairt an Aontais Eorpáigh ar an bpaindéim dhomhanda. Tá Clár Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna na nOllscoileanna Teicneolaíochta ina chuid den Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP) faoina bhfuil an Stát ag súil le breis agus €900 milliún a fháil mar mhaoiniú deontais. Comhlánaíonn Clár Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna na nOllscoileanna Teicneolaíochta an tacáiocht a chuireann Ciste Cloachlaithe na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUFT) ar fáil don earnáil teicneolaíochta. Cuirfear tionscnaimh faoi Chlár Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna na nOllscoileanna Teicneolaíochta i bhfeidhm thar thréimhse dhá bhliain a thosóidh i mí Aibreán 2022.

Cuireadh Athbhreithniú neamhspleách ar **Mhaoiniú Struchtúir** arna leithdháileadh idir 2017 agus 2019 i gcrích in 2021. Rinne Mazars mionscrúdú ar réimse tionscadal arna dtacú ag an Maoiniú Struchtúir lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le soláthar tosaigh oideachais do mhúinteoirí agus comhghuaillíochtaí trasteorann, agus rinne BDO athbhreithniú ar thionscadail a maoiníodh le maoiniú struchtúir agus a bhaineann le clár oibre na hollscoile teicneolaíocha. Dhírig an tAthbhreithniú ar bhainistíocht tionscadail, bainistíocht airgeadais, agus tionchar an Mhaoinithe Struchtúir. Tá tuarascálacha ina léirítear ceachtanna foghlamtha agus dea-chleachtas foilsithe ar shuíomh gréasáin an ÚAO.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinneadh aighneacht fhoirmiúil don chomhairliúchán ar an gcéad Straitéis Náisiúnta eile ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe arna dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le chéile. Chuir an t-eolas a bailíodh ón earnáil bonn láidir leis an aighneacht ag an imeacht fiorúil arna reáchtáil ag an ÚAO i mí na Nollag 2020 maidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe san Ardoideachas. Tá tuarascáil maidir leis an imeacht sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚAO.

Mar fhreagra ar mholtáil laistigh de Thuarascáil Lónra Taighde na nOllscoileanna Teicneolaíochta, rinne an ÚAO an OECD a choimisiúnú chun tacar d'institiúidí ardoideachais thagarmhairc a shainaithint ó thíortha OECD chun bonn eolais a chur le forbairt phróifil ollscoileanna teicneolaíochta na hÉireann agus analís a chur ar fáil maidir lena mbeartais acmhainní daonna acadúla, conairí gairme agus struchtúir eagraíochta. Táthar ag súil leis an tuarascáil i 2022.

## e Cothromas Rochtana

### Plean Náisiúnta nua um Rochtain

Le linn 2021, chuir an ÚAO túis le hobair leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an bPlean Náisiúnta nua um Rochtain atá chun teacht in ionad an Phlean reatha a bhí ann ó 2015 go dtí 2021. I mí Aibreán, sheol an ÚAO an próiseas comhairliúchán phoiblí maidir leis an bPlean Náisiúnta nua um Rochtain agus lean sé ar aghaidh go dtí lár mhí an Mheithimh. Fuarthas 122 aighneacht ar fad. Reáchtáil an ÚAO imeacht comhairliúchán ar leithligh le hAontas Náisiúnta na Mac Léinn agus mic léinn i mí an Mheithimh agus ghlac breis agus 50 mac léinn páirt ann. Rinneadh cruinnithe páirtithe leasmhara duine le duine bunaithe ar sprioghrúpaí sonracha agus saincheisteanna do thréimhse an chéad Phlean Náisiúnta um Rochtain a éascú freisin. Reáchtáladh an cúigiú Fhóram Náisiúnta um Rochtain ar líne i mí Aibreán agus bhain téama animeachta leis an gcomhairliúchán maidir leis an bPlean Náisiúnta nua um Rochtain. Bhí 153 duine i láthair ar an lá sin.

### Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH)

Le linn na bliana 2021, lean an ÚAO ag bainistiú na trí shnáithe den chlár PATH.

#### PATH 1

I mí Eanáir agus mí Feabhra, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna tionscadail athbhreithnithe, faomhadh cúig ionad bairr feabhas um theagasc do chéim 2 de PATH 1. I mí na Bealtaine, d'iarr ionad bairr feabhas um theagasc de chuid Choláiste na Tríonóide BÁC/Institiúid Oideachais Marino/Coláiste na hOllscoile, Corcaigh/Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha athchumraocht in dhá ionad le haghaidh Céim 2 (i.e. Institiúid Oideachais Marino/Coláiste na Tríonóide BÁC agus COBÁC/Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha), díreach mar a mholtar i dtuarascáil Sahlberg II. I mí na Samhna, faomhadh ionad Institiúid Oideachais Marino/Coláiste na Tríonóide BÁC le haghaidh Céim 2 agus fuair ionad COBÁC/Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha faomhadh i bprionsabal i mí na Nollag.

#### PATH 2

In 2021, chomhaontaíodh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta go gcuirfí trí leibhéal de sparánachtaí PATH 2 ar fáil chun iad a bhronnadh ar mhic léinn:

- **Leibhéal 1 – €5,000 sa bhliain** ar feadh na tréimhse staidéir, bronnta ar 203 mac léinn ar an iomlán ar fud na sé bhrasile. Íocfar sparánachtaí Leibhéal 1 freisin de réir agus a bhogfaidh mic léinn ar aghaidh chuig staidéar iarchéime.
- **Leibhéal 2 – €2,000 sa bhliain** ar feadh na tréimhse staidéir, bronnta ar 120 mac léinn ar an iomlán ar fud na sé bhrasile a chomhlónan na critéir le haghaidh Sparánacht 1916 cé nár éirigh leo ar deireadh thiar ord fiúntais an bhrasile a chomhlónadh chun sparánacht Leibhéal 1 a fháil. Íocfar sparánachtaí Leibhéal 2 freisin de réir agus a bhogfaidh mic léinn ar aghaidh chuig staidéar iarchéime.
- **Leibhéal 3 – Sparánacht aonuaire €1,500 iníoctha don bhliain acadúil 2021/2022 amháin** do mhic léinn a chomhlónan na critéir le haghaidh Sparánacht 1916 cé nár éirigh leo ar deireadh thiar ord fiúntais an bhrasile a chomhlónadh chun sparánacht Leibhéal 2 a fháil.

Fuair na braislí maoiniú breise chun tacú leis na costais a bhaineann le próisis riarrachán agus oibríochta reatha PATH 2 don bhlíain acadúil 2021/22.

### PATH 3

I ndiaidh an fhógra go mbeidh PATH 3 ag leanúint ar aghaidh ar feadh trí bliana eile le €7.5m, bhí an ÚAO agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar aon fhocal go bhfaigheadh na braislí PATH 3 an méid céanna maoinithe don dara chéim agus a fuair siad faoin gcéad chéim. Dheimhnigh an ÚAO leanúint an mhaoinithe don tréimhse 2021-2024 agus, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna tionscadail an Bhraisle, íocadh an chéad tráthchuid den mhaioniú faoin dara céim de mhaioniú PATH 3 i mí na Nollag.

### Córas Tuairiscithe PATH

Choimisiúnaigh an ÚAO staidreamh scóipe chun moltaí a dhéanamh ar fhoirm agus ar chineál **córais tuairiscithe PATH** beartaithe, agus tú áite a thabhairt do PATH 2 (Ciste Sparánachta 1916), Cé go mbainfidh tosaíocht láithreach gearrthéarmach an staidrimh scóipeála le córas tuairiscithe PATH 2 - Ciste Sparánachta 1916 a fhorbairt, táthar ag súil go dtacóidh an córas nua leis na ceanglais tuairiscithe reatha faoi PATH 1 agus PATH 3 mar chuid de bhainistíocht an ÚAO ar an gclár PATH go ginearálta, chomh maith le haon chuid bhreise a chuirfear le PATH amach anseo.

### Imeachtaí Comhroinnt an Dea-chleachtais

D'óstáil an ÚAO imeacht comphobail cleachtais i mí an Mhárta a bhí dírithe ar an dea-chleachtas ó thaobh rochtain agus rannpháirtíocht san ardoideachas le linn COVID-19 a chomhroinnt. Thug an fóram deis d'oifigigh rochtana foghlaim óna chéile agus ba chéim thábhachtach é ó thaobh tuiscent chomhoibritheach a bhunú i leith na ndúshlán éagsúil a chuir COVID-19 os ár gcomhair. Reáchtáladh imeacht eile um **Chomhroinnt an Dea-chleachtais** maidir le COVID-19 i mí na Samhna a bhí dírithe ar thionchar an mhaoinithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ar rannpháirtíocht an Lucht Siúil san ardoideachas i rith 2021.

### Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Bhí an ÚAO mar chathaoirleach ar chruinniú de Ghrúpa Monatóireachta an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn (CCM/FSD) i mí an Mhárta agus i ndiaidh an chruinnithe sin, scaipeadh treoiríte uasdátaithe don bhlíain acadúil 2021/22 chuig institiúidí ardoideachais.

I mí Eanáir 2021, d'fhogair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a bheannacht ar thionscnamh straitéisearcha chun tacú le seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Bhain costas iomlán beagán faoi bhun €5.8m leis na tograí. Rinne an ÚAO athbhreithniú ar nuashonraithe stádais maidir le tionscadail institiúidí ardoideachais i mí Dheireadh Fómhair agus ullmháiodh tuarascáil le haghaidh na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a léirigh na torthaí go dáta agus ina luaitear moladh go leanfáil leis na tionscadail go gcuirfí i gcrích iad in 2022. Cheadaigh na Ranna ábhartha Rialtais an síneadh seo ina dhiaidh sin.

### Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn

Scaipeadh treoiríte uasdátaithe maidir leis an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn don bhlíain acadúil 2021/22 ar institiúidí ardoideachais i mí Mheán Fómhair. Rinneadh pacáiste maoinithe bhreise arbh fhiú €10 milliún é a athnuachan don bhlíain acadúil 2021/22 agus áiríodh leis sin €8.1 milliún breise, agus dá bharr sin, rinneadh leithdháiltí an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn a dhúbláil arís don bhlíain acadúil seo. I mí na Nollag 2021, leithdháil an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta €1.3m breise don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn mar fhreagairt ar COVID-19. Is ionann €18.5m agus buiséad iomlán an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn don bhlíain acadúil 2021/22, agus áirítar leis €1 milliún breise chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn páirtaimseartha ar thuismitheoirí aonair iad nó ar bhaill do na spriocgrúpaí eile rochtana iad.

Don bhlíain acadúil 2021/22, cuireadh deireadh leis an maoiniú breise a leithdháileadh roimhe sin don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn maidir le mic léinn a bhí mbun staidéir le haghaidh Máistir Gairmiúil le hOideachas. Tharla sé sin mar gheall ar na tacaíochtaí feabhsaithe iarchéime (e.g. méaduithe ar mhéid dheontas na dtáillí agus ar an tairseach ioncaim incháilitheachta) a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2021 a rannchuvideoidh leis na costais a bhaineann le staidéar iarchéime.

### Tionscadail COVID

#### Deontas TFC COVID-19

Rinne an ÚAO bainistiú ar cheanglais tuairiscithe **Deontas TFC COVID-19**. Rinne an ÚAO athbhreithniú ar thuarascálacha don bhlíain acadúil 2020/21 i R1. I mí Lúnasa, fógraíodh go gcuirfí maoiniú breise le haghaidh ríomhairí glúine ar fáil d'institiúidí ardoideachais tríd an Deontas Caipitiúil Déabhlóidithe. Chuir an ÚAO institiúidí ardoideachais ar an eolas faoi sin i mí Mheán Fómhair. Chuir na hinstiúidí ardoideachais tuilleadh tuarascálacha isteach i mí na Samhna bunaithe ar úsáid ríomhairí glúine a bhí fágtha agus a ceannaíodh faoi Dheontas TFC COVID-19 agus gléasanna a ceannaíodh le Maoiniú Deontais Déabhlóidithe. Chuir na tuarascálacha seo bonn le tuarascáil eile a chuir an ÚAO faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

### Ciste Teagmhasach COVID-19

Mar chuid de phacáiste cistiúcháin COVID-19 arbh fhiú €10m é, leanadh ar aghaidh le **Ciste Teagmhasach COVID-19** (1.9 milliún) sa bhlíain acadúil 2021/22. Chuir an ÚAO institiúidí ardoideachais ar an eolas i mí Dheireadh Fómhair gurb ionann a leithdháileadh don bhlíain acadúil seo agus a leithdháileadh do 2020/21.

### Suirbhé COVID ar Oifigí Rochtana

I mí Feabhra, rinne an ÚAO an tríú suirbhé COVID dá chuid ar oifigí Rochtana chun tionchar srianta an Covid-19 ar mhic léinn ó spriocgrúpaí an Phlean Rochtana Náisiúnta a mheas agus chun tuiscent a fháil ar na hidirghabhála a dhéanann institiúidí ardoideachais chun tacú le mic léinn.

### Ciste na gCuntas Díomhaoin – Daoine den Lucht Siúil agus den Lucht Romach san Ardoideachas

I mí Aibreán 2021, chuir an ÚAO maoiniú €300,000 ar leataobh le haghaidh **tacaíochtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí COVID-19 ar mhic léinn ar bhaill den Lucht Siúil iad laistigh den chóras ardoideachais i 22 institiúidí ardoideachais. Ceadaíodh maoiniú €450,000 le haghaidh 2022 i mí na Samhna agus leathnáiodh é chun mic léinn den Lucht Romach a áireamh.**

### Athbhreithniú ar Scéim Deontas na Mac Léinn

Rinne an ÚAO aighneacht chuig an Athbhreithniú ar Scéim Deontas na Mac Léinn agus bhí áit ag an ÚAO ar an nGrúpa Stiúradh. Bhí an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ina Chathaoirleach ar an nGrúpa Stiúradh sin.

### Úsáid Sonrai

In 2021, úsáideadh an **Scór Innéacs Díothachta** den chéad uair chun bonn eolais a chur leis an ngné rochtana den tSamhail Leithdhálte Deontas Athfhillteach (in ionad na sonrai ón suirbhé maidir le grúpaí socheacnamaíocha a úsáideadh roimhe sin). Úsáideadh sonrai ón Scór Innéacs Díothachta chun bonn eolais a chur faoi leithdháiltí ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn (CCM/SAF) le haghaidh 2021/22, chomh maith le leithdháiltí ó Chiste Teagmhasach COVID-19 agus ón Deontas Caipitiúil Déabhlóidithe. I rith 2021, rinneadh anailís ar shonrai ón Scór Innéacs Díothachta agus ón SRS/EAS chun lón na mac léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, atá ina mbaill den Lucht Siúil agus atá faoi mhíchumas a chinneadh. Bhí na sonrai seo buntábhachtach ó thaobh spriocanna fianaisebhunaithe agus príomhtháscaire feidhmíochta a fhorbairt don chéad Phlean Náisiúnta eile um Rochtaín.

### Staidéar ar Mhic Léinn Lánfhásta

Iní an Mheithimh, d'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil Indecon maidir le **Rannpháirtíocht Mac Léinn Lánfhásta san Ardoideachas**.

### Rathúlacht Mac Léinn

Rinne an Fóram Náisiúnta, i gcompháirtíocht leis an ÚAO, 'Seven C's for Embedding Student Success: A Toolkit for Higher Education Institutions' a sheoladh go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair.

### Rannpháirtíocht Mac Léinn faoi Mhíchumas Intleachtúil san Ardoideachas a Mhéadú

I mí Feabhra, rinne an ÚAO teaghmáil le hinstiúidí ardoideachais chun méid an tsoláthair reatha atá san ardoideachas faoi láthair do mhic léinn atá faoi mhíchumas intleachtúil. Nuair a fuarthas na freagraí ó na hinstiúidí ardoideachais, chuaigh an ÚAO i mbun tuarascáil a ullmhú. Rinneadh tuilleadh taighde agus chuathas i dteaghmáil le páirtithe leasmhara agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Grúpa na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a dhéanann maoiriú ar fhorbairt beartas sa réimse seo.

### Clár Rochtana na Trónóide – Naisc Fhor-rochtana Scoile agus Pobail

Lean an ÚAO de mhaioniú na ngníomhaíochtaí **TAP-SCOL** a bhainistiú le linn 2021. In 2021, fuair an clár a leithdháileadh bliantúil agus cheadaigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta leithdháileadh breise chun tacú le sonrai a bhailíú agus tacaíochtaí a fheabhsú do mhic léinn.

### f Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht

Leanann an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama mar ghné thábhachtach de thacaíocht an ÚAO do thaithí agus rannpháirtíocht mac léinn sna hinstiúidí. In 2019, cheadaigh Bord an ÚAO go ndéanfaí Athbhreithniú ar an bhFóram.

Cuireadh an suirbhé StudentSurvey.ie i bhfeidhm go rathúil sa bliaín 2021 le ráta freagartha 28% as 43,791 mac léinn. Sa tuarascáil, tá caibidil ar a dtugtar 'Looking Deeper' agus in 2021, rinneadh bunfhiosrú ar na bunghnéithe a bhaineann le rannpháirtíocht fochéimithe na chéad bhliana san ardoideachas. Ceaptar gurbh é an rud ba mhó a chur isteach air sin ná an t-aistíú riachtanach chuig oideachas ar an gcampas de dheasca na mbearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar COVID-19. Ba mhór an tábhacht a bhí ag obair an Tionscadal Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Mac Léinn (a bhfuil an Grúpa Stiúrtha ina shuí air) sa bliaín 2021 maidir le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn fanacht i dteaghmáil lena gcuid institiúidí.

### Soláthar Printíseachta

In 2021, chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta leithdháileadh €20m ar fáil chun an acmhainn printíseachta a leathnú ar fud earnáil an bhreisoideachais agus an ardoideachais in 2021 agus tugadh €10m d'earnáil an ardoideachais. Cuireadh túis leis an obair ar na tionscadail arna maoiniú ag an ÚAO ón leithdháileadh, agus chuir roinnt institiúidí an obair i gcrích agus cuireadh saoráidí leathnaithe ar fáil chun freastal ar acmhainn bhereise sna ceirdeanna leictreacha, pluiméireachta agus cearpantóireachta agus siúinéireachta ó mhí Mheán Fómhair 2021. Cabhróidh an infheistíocht le háiteanna breise printíseachta ceirde a chur ar fáil agus le teacht suas chun dáta ar an soláthar nár tharla de dheasca COVID-19. Cuireadh túis le dhá chlár printíseachta faoi stiúir cuibhreannais in earnáil an ardoideachais in 2021 san earnáil Innealtóireachta agus san earnáil Cúram Sláinte. Ar an iomlánanois, tá 24 clár printíseachta faoi stiúir cuibhreannais in earnáil an ardoideachais le 1,338 clárúchán ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cálíochtaí. Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí, 2021-2025 i mí Aibreáin 2021 agus é mar aidhm aige cineál na gclár atá ar fáil a leathnú agus lón na gclárúchán printíseachtaí nua a mhéadú go 10,000 faoi 2025. Chomh maith leis sin, bunófar Oifig Náisiúnta Printíseachta nua a bheidh freagrach as gach gné den chóras printíseachta a bhainistiú, a mhaoiriú agus a fhorbairt agus as an bPlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme. Ceapfar Comhaontas Náisiúnta Printíseachtaí nua a dhéanfaidh ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara chun cabhrú leis an gcéad chéim eile a stiúradh agus córas comhtháite aonair a chruthú.

### TFC agus Campáí Fiontraíochta do Dhalaí Dara Leibhéal

In 2021, de dheasca shrianta COVID-19 maidir le soláthar duine le duine, cuireadh roinnt Campáí Samhraidh TFC agus Fiontraíochta a bhí thírithe ar dhalaí dara leibhéal ar ceal. D'éirigh le roinnt soláthraithe na campáí a reáchtáil ar líne, áfach. Reáchtáil 18 n-institiúidí ardoideachais ar an iomlán campáí samhraidh TFC inar ghlac 27,230 dalta dara leibhéal páirt, agus is cailíní iad 42% de na rannpháirtithe sin. (Cuirtear san áireamh sna huimhreacha seo tá 20,000 dalta dara leibhéal a ghlac páirt in Dojo Mór, imeacht lae ar líne). Reáchtáil 12 institiúid ardoideachais ar an iomlán campáí samhraidh fiontraíochta inar ghlac 977 dalta dara leibhéal páirt, agus is cailíní iad 60% de na rannpháirtithe sin.

## Spreagadh Mhí lúil

In 2021, cuireadh i gcrích cúrsaí larchéime agus cúrsaí módulacha, arna maoiniú faoi Spreagadh Mhí lúil, i réimsí disciplín ina bhuil gá le príomhscileanna mar a maoiníodh faoi Ghlaao 2020 ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála ardoideachais. Chomh maith leis sin, cheadaigh an Róinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maoiniú €5m chun an dara babhta de sholáthar modulach Spreagadh Mhí lúil a chur ar fáil in earnáil an ardoideachais in 2021. Ghlac 1,784 mac léinn ar an iomlán páirt i gcúrsaí iarchéime agus ghlac 9,152 mac léinn páirt i soláthar cúrsaí modulacha in 2021.

## Springboard+

Lean Springboard+ dá shainchúram a chomhlíonadh maidir le deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar i réimsí ina bhuil scileanna ríthábhachtacha de dhíth, lena n-áirítear innealtóireacht agus ard-déantúsaíocht, agus TFC. Maoiníodh 12,743 áit nua faoi Springboard+ 2021. Bhí 78% de rannpháirtithe i bhfostaíocht, agus bhain 15.5% de na clárúcháin le daoine difhostaithe.

## Tionscnamh an Chaipítel Dhaonna

D’fhogair an Rialtas an Tionscnamh um Chaipítel Dhaonna i mBuiséad 2019 chun infheistíocht €300m a sholáthar ón mbarrachas sa Chiste Náisiúnta Oiliúna. In 2021, bhí trí cholún de ghníomhaíocht an chláir faoi lán seoil agus iad dírithe ar acmhainn a mhéadú san ardoideachas i gcláir atá dírithe ar chláir a dearadh chun freastal ar phríomhriachtanais scileanna, thar chúig bliana, ó 2020 go dtí 2024.

Soláthraíonn Colún 1 de Thionscnamh an Chaipítel Dhaonna dioplómaí iarchéime tiontaithe sna réimsí is mó ina bhuil scileanna de dhíth. Maoinítear na cúrsaí seo in institiúidí ardoideachais poiblí agus priobháideacha. Reáchtáladh 68 cúrsa sa bláthain acadúil 2020/21, agus reáchtálfar 65 cúrsa eile sa bláthain acadúil 2021/22. Chuir 1400 mac léinn an bláthain acadúil 2020/21 i gcrích agus tá 1100 mac léinn in áiteanna don bláthain acadúil 2021/22.

Soláthraíonn Colún 2 de Thionscnamh an Chaipítel Dhaonna íocaíocht bhreise €2,500 in aghaidh an mhic léinn d’institiúidí ardoideachais a chuireann áiteanna fochéime lánaíseartha ar fáil ar chúrsaí sonracha i réimsí ina bhuil ardriachtanais scileanna. I bhfómhar na bliana 2021, thosaigh an dara cohórt de mhic léinn. Déanann an feidhmiúchán fíorúchán bliantúil ar na huimhreacha tuairiscithe a bhaineann leis na háiteanna nua i gcoinne Chórás Taifead na Mac Léinn. De réir fhíorúchán an 1 Mártá, tá 463 áit deimhnithe mar áiteanna breise. Beidh an chuid is mó de na mic léinn seo ag staidéar le haghaidh 3 nó 4 bliana.

Tá Colún 3 dírithe ar an gcroíphrionsabal a bhaineann leis an nuálaíochta agus gastacht a neadú isteach ar fud réimse leathan de sholáthar fochéime. Bhí 22 tionscadal a bhain leis an nuálaíochta agus samhlacha freagrúla de sholáthar clár a fhorbairt i bhfeidhm in 2021. Neartóidh na tionscadail seo acmhainn na gcorás ardoideachais freagairt go gasta d’athruithé ó thaobh riachtanas scileanna agus cúrsaí teicneolaíochta. Chuir gach tionscadal dhá thuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid an ÚAO in 2021. I mí na Samhna 2021, thug foireann ón ÚAO cuairt ar 6 thionscadal ar an suíomh. Tháinig an tOllamh Áine Hyland, *Ollamh Emeritus le hOideachas i COC*, a bhí ina ball den bhunphainéal measúnachta in 2020, ar ais mar shaineolaí seachtrach chun cabhrú leis na cuairteanna ar an suíomh. Ghlac na tionscadail go léir a roghnaíodh le haghaidh cuairt ar an suíomh go fonnmar leis an bpróiseas agus tugadh réimse cur i láthair ón lucht léinn, ó réimse na fiontraíochta agus ó mhic léinn. Luagh na tionscadail ar fad go raibh sé deacair tosú agus foireann a earcú le linn na paindéime. Ar an iomlán, tugadh faoi deara go raibh na tionscadail ag dul chun cinn go sásúil i ndiaidh na chéad bhliana. I mí na Nollag 2021, seoladh sraith d’fhíseáin phromóisin ina dtugtar mionsonrai faoin gclár agus rogha tionscadal.

## Staidreamh

I R4 2021, d’fhoilsigh an tAonad um Staidreamh an tuarascáil bhliantúil maidir le Príomhfhírí & Fígiúirí. Tugann an dais idirghníomhach seo léiriú mionsonraithe ar dhaonra na mac léinn san ardoideachas in Éirinn. Áirítear sa dais uasdátaithe seo figiúirí ó 2014/15 go dtí 2020/21, rud a ligean d'anailísí fadaimseartha.

Chuir an tAonad um Staidreamh forbairt an tríú hatrialla de na Próifíl Socheacnamaíocha chun cinn. Déantar iniúchadh sna próifíl socheacnamaíocha seo ar dhaonra na mac léinn ardoideachais in Éirinn, trí leas a bhaint as an Scór Innéacs Diothachta (SID). Úsáidtear SID chun measúnú a dhéanamh ar shaibhreas agus ar mhíbhuntáiste ceantar áirithe geografach. Forbrófar an tacar seo de phróifíl mar shraith de dhaiseanna, curtha le chéile mar ionad ilfhreastail idirghníomhach.

Chuir an tAonad um Staidreamh forbairt na tuarascála ar Dhul Chun Cinn chun cinn freisin. Déantar imscrúdú sa tuarascáil seo ar líon mac léinn na chéad bhliana a leanann ar aghaidh chuig an dara bliain acadúla san institiúid chéanna. Den chéad uair riamh, beidh an tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin an ÚAO, mar thuarascáil dhigiteach, agus táblaí agus cairteacha idirghníomhacha inti ó thus deireadh.

I R4 2021, foilsíodh tuarascáil mhionsonraithe maidir le Rátaí Críochnaithe. Fuair an analís mionsonraithe seo go gcuireann 3 as 4 fochéimí a gcúrsaí staidéir i gcrích go hiomlán. Mar sin féin, baineann an-éagsúlacht ar fad leis na rátáí críochnaithe ar fud na réimsí staidéir, agus tréithe éagsúla na mac léinn. Ar an iomlán, baineann an rátáí críochnaithe is ísle le réimse na ríomhairesca. Is mór an chodarsnacht atá idir an réimse sin agus réimse an oideachais agus ína réimse leis an rátáí críochnaithe is airde. Is mór an tionchar a imríonn pointí na hArdteistiméireachta ar na rátáí críochnaithe, toisc go mbaineann pointí arda san Ardteist le dóchúlacht níos mó go gcuirfear an cursa ardoideachais i gcrích. Ó thaobh a gcuid staidéar a chur i gcrích, críochnaíonn níos lú ná leath de na daoine a thosaíonn cursa a mbaineann níos lú ná 300 pointe Ardteistiméireachta leo, i gcomparáid le 93% de na daoine a thosaíonn cursa a mbaineann níos mó ná 500 pointe Ardteistiméireachta leo. Cuireadh dais chuimsitheach idirghníomhach ar fáil nuair a foilsíodh an tuarascáil seo, agus bhí 16 dhasí diobh ag plé le Rátaí Críochnaithe.

In 2021, chuir an tAonad um Staidreamh comhaontú comhroinnta sonraí i gcrích idir an ÚAO agus an Róinn Oideachais. Is dul chun cinn ollmhór é seo don ÚAO agus don Aonad um Staidreamh go háirithe. Éascóidh an comhaontú comhroinnta sonraí seo le hanailísí mionsonraithe a dhéanamh ar rátáí aistrithe, rud a cheadóidh sainaithint na gcohortí is lú dóchúlacht aistriú ón oideachas dara leibhéal chuig an oideachas tríu leibhéal.

Ar an iomlán in 2021, is léiriú é forbairt na ndaiseanna idirghníomhacha agus na dtuarascálacha ar an dul chun cinn mó atá déanta ag an Aonad um Staidreamh. Mar gheall ar a éasca is atá sé na daiseanna seo a úsáid, agus an idirghníomhaíocht a bhaineann leo, spreagtar an pobal iad a úsáid, rud a chiallaíonn go bhfaightear anailísí níos mionsonraithe gan mórán stró. Ó tháinig na hacmhainní ríthábhachtacha seo ar an bhfód, tá feabhas mó tar éis teacht ar chumarsáid sonraí agus tá laghdú mó tagtha ar líon na n-iarratas ar shonraí staidrimh.

## g An tÚdarás um Ard-Oideachas mar Eagraíocht den Scoth

### Claochlú Gnó

Lean an ÚAO ar aghaidh lena tionscadal athstruchtúraithe próisis gnó agus teagmháil le EY chun na tionscnaimh seo a leanas a chur chun cinn:

- Treochlár Córais TF a forbairt chun treochlár reatha agus todhchaí de chórais TF a chur ar fáil chun tacú le pleináil agus tosaíocht forbairtí córais.
- Téarma tagartha agus lámhleabhar a bhunú don Oifig Claochlainne. Soláthroidh sé sin lámhleabhar tagartha, téarmaí tagartha agus samhail rialachais chun tacú le cur chun feidhme gníomhaiochtaí comhaontaithe claochlainne.
- Forbairt bhereise den chultúr eagraíochta beartaithe agus an líon riachtanach daoine.

Tá sé ar intinn ag an ÚAO Grúpa Stiúradh Claochlainne a bhunú in 2022 chun leanúint ar aghaidh leis an gClár Claochlainne seo a chuimseoidh forbairt chórais, phróisis agus mhuintir an ÚAO.

### Reachtaíocht an ÚAO

Lean an ÚAO le hobair a dhéanamh leis an Roinn maidir le reachtaíocht nua a achtú don ÚAO agus táimid ag súil lena hachtú in 2022.

### Acmhainní Daonna

Bhí an ÚAO an-ghníomhach ar fad ó thaobh na hearcaíochta de in 2021. Tionscnaíodh 11 chomórtas oscailte maidir leis na poist seo a leanas:

- Príomhoifigeach Gnótháí Corporáideacha
- Príomhoifigeach Clár Caipitiúil
- Ardbhainisteoir (Príomhoifigeach Cúnta) Ginearálta
- Ardbhainisteoir (Príomhoifigeach Cúnta) na hOifige Airgeadais
- Ardbhainisteoir (Príomhoifigeach Cúnta) Staidreamh
- Ceann TF (Príomhoifigeach Cúnta)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Ginearálta
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Riarthóir Teagasc & Foghlama
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Teicneolaí Teagasc & Foghlama
- Oifigeach Feidhmiúcháin - Ginearálta
- Oifigeach Feidhmiúcháin – Teicniúil (Cláir Chaipitiúla)

Lean an ÚAO a Chóras Forbartha Feidhmíochta agus bainistíochta le linn 2021, eagraíodh 9 gclár ar líne, chomh maith le hoiliúint intí maidir le cibearshlándáil TF, cosaint sonraí agus Saoráil Faisnéise. Anuas air sin, lean roinnt ball foirne ar aghaidh ag staidéar le haghaidh clár sna hinstiúidí ardoideachais.

### Teicneolaíocht Faisnéise

Lean an ÚAO ar aghaidh lena chuid oibre i gcomhar le HEANet a rinne athbhreithniú ar shlándáil TF san ÚAO. Chuimsigh an t-athbhreithniú sin athbhreithniú ar bheartais TF ÚAO, seisiún feasachta foirne maidir le slándáil TF agus roinnt cleachtaí bréagionsaithe.

### h Claochlú Digiteach

I rith 2021, lean an ÚAO de thacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhaineann le Claochlú Digiteach san Ardoideachas. Mar a sainaithníodh i Lónra Taighde na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TURN), tacáonn maoiniú tríd an gciste TUFT le cur chun feidhme agus le moltaí a chuimsíonn infheistíochta i mbonneagar digiteach comhtháite ilchampais chun comhtháthú réigiúnach a sholáthar, modhanna nua foghlama a éascú agus túis áite a thabhairt d'infheistíochta chaipitil in Ollscoileanna Teicneolaíochta. Chothaigh srianta na paindéime dúshláin agus deiseanna araois. In 2021, sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta **Next Steps for Teaching and Learning: Moving Forward Together**, a dhéanann mionscrúdú ar conas is féidir le hearnáil an ardoideachais foghlaim ó phaindéim COVID-19. Mar a leagadh amach agus an tionscadal seo á sheoladh, pointe a chuir an ÚAO an-fháilte roimhe, is dúshán straitéiseach é an digitú ar fud réimsí uile an rialtais, agus tá clár oibre athraitheach ag earnáil an ardoideachais maidir le claochlú digiteach, agus tá an t-aistriú go dtí an teagasc agus foghlaim ar líne/cianda tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an gclár oibre sin.

Mar fhreagra ar dhúshláin arna gcur i láthair ag paindéim COVID-19, sheol an Coimisiún Eorpach glao speisialta ar Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha i réimse Ullmhacht an Oideachais Dhigitigh faoi Phríomhghníomháíochta 226. Dhírigh an glao seo ar dhá théama, ‘Cleachtais nuálaíochta i ré dhigiteach’ agus ‘Forbairt scileanna agus ionchuimsitheacht tríd an chruthaitheacht agus na healaíona’ i gcomhthéacs na paindéime. Cuireadh túis le tionscadail rathúla in 2021 ar feadh uastréimhse dhá bhliain.

Sheol an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoirreachta agus Foghlama san Ardoideachas **Guide to Developing Enabling Policies for Digital and Open Teaching and Learning**. Tá an treoirleabhar leagtha amach chun tacú le beartais institiúide a forbairt maidir le teagasc agus foghlaim dhigiteach agus teagasc agus foghlaim oscailte, lena n-áirítear modhanna foghlama ar líne, modhanna foghlama cumaisc agus modhanna foghlama duine le duine. Chomh maith leis sin, áirítear sa treoirleabhar sainmhíniú uasdátaithe maidir le beartais chumasúcháin, treoir chúig chéim maidir le beartais chumasúcháin a forbairt, cás-staidéir agus beartais shamplacha ó Institiúidí Ard-Oideachais in Éirinn agus thar lear, agus acmhainn bhereise.

Tá sé beartaithe ag an ÚAO taithí an foghlaimeora, foghlaim fad saoil, an t-idirnáisiúnú agus oibríochtaí foirne le linn na paindéime a chur san áireamh chun an Creat um Chlaochlú Digiteach atá beartaithe a threorú agus chun raon na dtionscnaimh infheistíochta a forbairt sa réimse.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tuarascáil bhliantúil 2021

An tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a tháinig in áit Chód 2009, i bhfeidhm i mí Meán Fómhair na bliana 2016. Tá sé glactha ag an Údarás Ardoideachais agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun a chinntíú go gcomhlíonann gach gné d'oiríochtaí an ÚAO le riachtanais an Chóid. Thug an Bord faoi chleachtadh féinmheastóireachta sa bhliain 2021 tar éis meastóireachta neamhspleách a dhéanamh sa bhliain 2019.

## Comhaontú Seachadta Feidhmíochta

Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Mártá 2018 agus cuireadh i bhfeidhm é in 2020 agus 2021. Leagtar amach sa chomhaontú seo creat na bainistíochta agus na cuntasachta atá ann idir an Roinn agus an tÚdarás Ardoideachais.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2015

Is tosaíocht bunaithe an ÚAO í an comhionannas. Is mór ag an eagraíocht an éagsúlacht, agus déanann sé a dícheall a bheith ina fhostóir comhionannais ina spreagtar an rannchuidiú aonair agus ina léirítear meas ar an éagsúlacht. Chuige sin, tá an ÚAO tiomanta dá chinntíú nach dtabharfar fabhar d'aon bhall foirne nó d'aon iarratasóir ar fhostaíocht thar aon duine eile ar fhoraí inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht eitneach mionlach nó ar aon fhoraí nach mbaineann le dea-chleachtas na fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, dáláí oibre agus deiseanna forbartha.

Bhunaigh an ÚAO meitheal oibre inmhéánach go déanach sa bhliain 2020 chun cur i bhfeidhm Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí de chuid an ÚAO a phleanáil agus a mhaoirsíú. Tháinig an grúpa le chéile cúig huairé in 2021 agus iad diríthe ar phríomhchearta an duine agus luachanna comhionannais a shainaithint, agus pléadh conas atá obair an ÚAO ag teacht leis na príomhchearta sin.

## An tAcht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005

Leanann an tÚdarás um Ard-Oideachas leis na bearta is cui a ghlagadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir laistigh dá chuid oifigí a chosaint chun forálacha an Acharta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo le hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 chomh maith.

Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO orthu ag bualadh ar bhonn rialta le linn 2021 agus é mar aidhm acu socruithe a chur i gcrích maidir le filleadh ar an obair. Ullmhaíodh an prótacal um filleadh ar obair in 2020 tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann oibre.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001**

I gcomhréir leis na hAchtanna thuasluaite, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna de chuid Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na gnásanna seo i rith na bliana. Níor tharla aon idirbheartaíocht le linn na bliana ina raibh leas tairbhiúil ag aon Chomhalta Boird.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

De réir riachtanais dhlíthiúil an Acharta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta bunaithe agus á gcothabháil ag an Údarás um Ard-Oideachas chun nochtadh cosanta a dhéanamh.

Is féidir nochtacha cosanta a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an ÚAO maidir le hábhair a bhaineann le pleannáil agus forbairt an ardoideachais agus an taighde sa Stát agus le hábhair a bhaineann le maoiniú na n-institiúidí ardoideachais arna maoiniú ag an ÚAO. Rinneadh 3 nochtadh cosanta don ÚAO in 2021 ó institiúidí ardoideachais. Rinne an ÚAO imscrídú ar nochtadh amháin agus tá sé dúntaanois. Tá dhá nochtadh fós á scrúdú ag an ÚAO. Ní dhearna ball foirne ar bith de chuid an ÚAO nochtadh cosanta in 2021.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas geallta dá chuid dualgas a chomhlíonadh faoin Acht um Íocaíochtaí Pras Cuntas, 1997, arna leasú le Rialachán na gComphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.

Tá an bhainistíocht sásta gur chloí an ÚAO leis na forálacha seo ar gach bealach ábhartha. Íocadh suim €235.27 san iomlán i ndáil le pionóis ús íocaíochta déanacha sa bhliain 2021.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**

Tá an tÚdarás Ardoideachais tiomanta dá chuid dualgas de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an ÚAO agus príomhdhoiciméid bheartais go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil ar shuíomh gréasáin an ÚAO.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Baineann forálacha an Acharta um Shaoráil Faisnéise leis an Údarás um Ard-Oideachas. Cuireann an tAcht seo ceart dlíthiúil ar fáil do dhaoine ar leith rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh na gcomhlachtaí poiblí, an fhaisnéis a choinnítear maidir leis féin a leasú sa chás go bhfuil sí neamhionlán, mícheart nó míthreorach agus na cùiseanna a fháil maidir le cinntí a dhéanann difear dóibh féin. Le linn 2020, fuair an tÚdarás um Ard-Oideachas/ Comhairle Taighde na hÉireann 53 iarratas faoin Acht. Tugadh aghaidh orthu mar seo a leanas:

- Iarratais a Deonaíodh: 8
- Iarratais a Deonaíodh i bpáirt: 18
- Iarratais a Diúltáíodh: 6
- Iarratais a ndéileáiltear leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise: 17
- Iarratais a aistarraingíodh 3
- Iarratais a aistríodh 1

Rinneadh 2 iarratas ar athbhreithniú inmheánach. Atreoraíodh cás amháin (1) chuig Oifig an Choimisiúra Faisnéise.

**Cosaint Sonrai**

Tá an ÚAO tiomanta do chearta agus priobháideacht daoine aonair a chosaint i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonrai. Tá an tAonad Cosanta Sonrai san ÚAO freagrach as maorsíú a dhéanamh ar chlár comhlíontachta cosanta sonrai na heagraíochta. Déanann an ÚAO athbhreithniú leanúnach ar a chleachtais chun a chinntí go bhfuil a ghníomhaíochtaí i gcomhréir leis na prionsabail cosanta sonrai agus go ndéanaimid sonrai pearsanta a chumhdach i ngach a ndéanaimid. Áirítear leis sin ardleibhéil oiliúna agus feasachta foirne a choinneáil, athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartais chun a chinntí go bhfuil siad suas chun dáta agus i gcomhréir le RGCS, agus a chinntí go bhfuil comhaontuithe láidre i bhfeidhm leis na comhlachtaí uile a gcomhroinnimid sonrai leo nó a phróiseáil ann sonrai pearsanta ar ár son. In 2021, ghlacamar bearta go háirthe chun slándáil ár sonrai a chosaint agus baill foirne i mbun na cianoibre agus ag obair i dtimpeallacht oibre hibridí.

Thugamar faoi 12 Mheasúnacht Tionchair ar Chosaint Sonrai in 2021 chun a chinntí go ndéantar gníomhaíochtaí próiseála sonrai uasdátaithe i gcomhréir le reachtaíocht cosanta sonrai.

Tugadh freagraí iomchuí ar iarratais ó dhaoine is ábhar do na sonrai, laistigh den chreatama reachtaíochta le linn 2021. Fuair an ÚAO 5 iarratas ar rochtain ar shonrai pearsanta, agus 9 n-iarratas ar shonrai pearsanta a scriosadh. Déileáladh leis na hiarratais sin go léir.

I mí Mheán Fómhair 2021, tháinig fadhb chun cinn le próiseálaí sonrai arna úsáid ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tharla teagmhas sonrai de dheasca earráide cumraíochta córais, a tuairiscíodh don Choimisiúin um Chosaint Sonrai laistigh den amchlár reachtúil. Réitíomar an fhadhb go han-tapa agus thugamar freagra iomlán do mholtáí an Choimisiúin um Chosaint Sonrai.

**Beartas Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Comhshaoil**

Faoi ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009, tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil phoiblí. Bainistíonn SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tacaíonn leis an earnáil phoiblí an sprioc seo a bhaint amach.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlachta Fuinnimh sprioc don earnáil phoiblí chun feabhas 33% a chur ar a héifeachtúlachta fuinnimh agus 2020 mar spriocdháta. Éilítear ar chomhlachtaí poiblí uile, an ÚAO san áireamh, sonraí mionsonraithe maidir le fuinneamh a thuairisciú ar bhonn bliantúil trí Chóras Monatóireachta & Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a úsáid. Úsáideadh na sonraí sin chun an dul chun cinn i dtreo sprioc 2020 maidir le laghdú éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach. Roghnaigh an ÚAO 2009 mar bliain bhonnlíne chun an dul chun cinn foriomlán ó thaobh laghdaithe fuinnimh agus an táscáire feidhmíochta fuinnimh [Fuinneamh Príomhúil kWh / Fostaithe Cóibhéisí Lánaimseartha] a rianú maidir le gach bliain thuairiscithe go dtí 2020.

De réir Thuarascáil Bhliantúil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2021, tá stádas foriomlán ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh an ÚAO faoi 2020 71.7% níos fárra bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh 2019. Laghdaíodh go mór leibhéal tomhaltais fuinnimh le linn 2020 agus 2021 de bharr na cianoibre le linn phaindéim Covid.

Dheimhnigh iniúchadh fuinnimh a rinneadh le déanaí meánlaghdú 12% i dtomholtas fuinnimh in 2019 (an ghnáthbhliain réamh-Covid is déanaí) i gcoinne an mheáin don 4 bliana roimhe sin (2015-2018).

Leanann spriocanna laghdaithe fuinnimh an ÚAO le haghaidh 2030 na spriocanna a leagtar amach sa Bhille um Ghníomhú Aeráide: laghdú 51% (7% in aghaidh na bliana) ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus feabhas 50% ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de, bunaithe ar mheántomholtas (bonnlíne) don tréimhse 2016 go dtí 2018.

Tá oifig aonair léasaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas ag 3 Tithe Shíol Bhoirin, Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhoirin, Baile Átha Cliath 4. Tá tiarnaí talún reatha an ÚAO tar éis a rá go bhfuil siad tiomanta do ghlanastaiochtaí níallais, rátaí athchúrsála 75% agus dramhaíl iomlán 25% ó thaobh seirbhísí bainistíochta dramhaíola a bhaint amach faoi 2030 sna foirgnimh atá á mbainistiú go díreach acu.

# RÁITIS AIRGEADAIS

Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

**An tÚdarás um Ard-Oideachas****Ráitis Airgeadais****Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021****Faisnéis**

Seoladh:

3 Tithe Shíol Bhoirn  
 Ascall Crampton,  
 Bóthar Shíol Bhoirn,  
 Baile Átha Cliath 4.

Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,  
 3A Sráid an Mhéara Uachtarach,  
 Baile Átha Cliath 1.

Baincéirí:

AIB Bank plc,  
 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach,  
 Baile Átha Cliath 2.

Comhairleoirí Dlí:

Eversheds Sutherland,  
 Ionad Phort an Iarla, 1 Ardán Phort an Iarla,  
 Baile Átha Cliath 2.

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird**

Cuirtear tuarascáil Ráiteas an Rialachais agus Comhaltaí an Bhoird i láthair de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 agus na treoiríntse a eisíodh i mí na Samhna 2017.

**Rialachas**

Bunaíodh Bord an Údarás um Ard-Oideachas faoin Acht um Údarás Ardoideachais, 1971. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 3 den Acht seo. Bronnadh feidhmeanna breise don Údarás um Ard-Oideachas faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Tá an tAcht an Údarás um Ard-Oideachas, 1971 á leasú agus foilsíodh Bille nua an Údarás um Ard-Oideachas i mí Eanáir 2022 agus táthar ag súil go ndéanfar dlí de níos faide ar aghaidh sa bhliain. Is é is aidhm leis an reachtaíocht nua nácreat reachtaíocht chórás an ardoideachais a athchóiriú, rud a ligean do mhaoirsíú agus rialáil na n-institiúidí ardoideachais. Tá an Bord cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus freagrach as an dea-rialachas a chinntí. Is trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach, agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh i dtaca leis na ceisteanna tábhachta gnó go léir a dhéantar é seo. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúchán (POF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil an Údarás um Ard-Oideachas. Caithfidh an POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach arna leagan síos ag an mBord a leanúint, agus a chinntí go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhgníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscái suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údarás um Ard-Oideachas.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Leagtar obair agus freagrachtaí an Bhoird amach i Sceideal na nÁbhar atá Forchoimeádta don Bhoird ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe do chinneadh ar leith an Bhoird le feiceáil. I measc na nithe seasta a ndéanann an Bord breithniú orthu, tá:

- dearbhú leasa,
- tuarascálacha ó choistí
- buiséid bhliantúla agus pleannana corporáideacha,
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis an airgeadais,
- ábhair forchoimeádta,
- tuarascálacha feidhmiúchán

Féachann an Bord le prionsabail dea-chleachtais na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina ghníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as fochoistí.

Ní mór don Údarás um Ard-Oideachas faoi Alt 20 den Sceideal a ghabhann le hAcht an Údarás um Ard-Oideachas, 1971 agus i cibé cuma a cheadaíonn an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le comhthoiliú an Aire um Airgeadas, gach cuntas ceart agus cóir a choinneáil ar an airgead go léir a fhraigheann sé agus a chaitheann sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, élítear ar Bhoird an Údarás um Ard-Oideachas:

- beartais chuntasáiochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeán chuntasáiochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a noctar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasáiochta leordhóthanacha a choinneáil a nocttann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlíonann ráitis an airgeadais Alt 20 den Sceideal a ghabhann le hAcht an Údarás um Ard-Oideachas, 1971.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad gnó bliantúil a cheadú. Rinne meastóireacht ar fheidhmíocht an Údarás um Ard-Oideachas trí thagairt do phlean gnó bliantúil 2021 ag cruiinní an Bhoird ar an 25 Eanáir 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údarás um Ard-Oideachas léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht an airgeadais agus ar staid airgeadais an Údarás um Ard-Oideachas ar an 31 Nollaig 2021.

Comhala Boird	Ról	Dáta a Ceapadh
Michael Horgan*	Cathaoirleach	27/07/2016
Orla Feely*	Leas-Chathaoirleach	27/07/2016
Bahram Bekradhnia**	Gnáthchomhulta	27/06/2017
Darina Kneafsey*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Deirdre Lillis	Gnáthchomhulta	27/11/2017
Jim Mountjoy**	Gnáthchomhulta	27/06/2017
John Wall*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Judith Eaton*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Clare Austick***	Gnáthchomhulta	01/07/2021
Lynn Ramsey*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Pól Ó Mórain*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Ronan Lyons	Gnáthchomhulta	27/11/2017
Sharon Feeney*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Sinéad O'Flanagan*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Tony Donohoe*	Gnáthchomhulta	27/07/2016
Lorna Fitzpatrick***	Gnáthchomhulta	01/07/2019 (tháinig an téarma chun deiridh ar an 30/06/2021)

\* Ceaptha le haghaidh téarma breisite 18 mhí nó ar achtú reachtaiocht uasdáitithe UAO, cibé acu is túisce.  
\*\* Ceaptha le haghaidh an dara téarma.  
\*\*\* Ceaptha don tréimhse a bheidh sí in oifig. Tháinig téarma Lorna Fitzpatrick, Uas. chun deiridh ar an 30 Meitheamh 2021 agus tháinig Clare Austick i gcomharbas uirthi nuair a ceapadh Lorna mar Uachtarán nuathofa Aontas na Mac Léinn.

## Struchtúr an Bhóird

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus 13 ghnáthchomhulta ar Bhord an Údarás um Ard-Oideachas. Ceapann an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhaltaí na Comhairle tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ceaptar iad ar feadh tréimhse 5 bliana. Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith 2021. Cuirtear fainseis fhairsing ar fáil do chomhaltaí nua an Bhóird faoin Údarás Ardoideachais agus a chuid oibríochtaí. Leagtar amach sa tábla thíos ballraíocht an Bhóird i rith na bliana agus dáta ceapacháin na gcomhaltaí.

## Meastóireacht an Bhóird

Cuireann Alt 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlacthaí Stáit, 2016 an dualgas ar an mBord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus ar mheastóireacht sheachtrach a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad. Thug an Bord faoi chleachtadh féinmheastóireachta i Ráithe 4 2021 agus rinne sé athbhreithniú ar na tortaí ag a chruinníú ar an 8 Márt 2022. Tugadh faoi mheasúnú seachtrach i mí na Nollag 2019.

## An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Feidhmíonn Comhairle Taighde na hÉireann (CTÉ) faoi choimirce an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Ní comhlacht reachtúil í an CTÉ. Tá Cathaoirleach, deichniúr gnáthchomhulta agus comhala ex-officio amháin sa CTÉ. Ceapann an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhaltaí na Comhairle tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ceaptar iad ar feadh tréimhse trí bliana. Ní raibh ballraíocht iomlán ar an gComhairle ó mhí na Nollag 2021. Bhí dhá áit fós le líonadh ag deireadh na bliana agus bhí an tAire le beirt a cheapadh chun na folántais a líonadh. Tháinig an CTÉ le chéile 6 huaire le linn 2021. Leagtar amach sa tábla thíos ballraíocht an CTÉ i rith na bliana agus dáta ceapacháin na gcomhaltaí.

Comhala Comhairle	Ról	Dáta a Ceapadh	Líon na gCruinnithe ar ar Freamháidh
Jane Ohlmeyer*	Cathaoirleach	30/11/2018	6/6
Daniel Carey	Cathaoirleach Eatramhach	31/08/2019	6/6
Emma Teeling**	Gnáthchomhulta	30/11/2018	5/6
Felicity Kelliher**	Gnáthchomhulta	30/11/2018	6/6
Kieran Conboy	Gnáthchomhulta	31/08/2019	5/6
Rob Kitchin**	Gnáthchomhulta	30/11/2018	6/6
Catherine Godson	Gnáthchomhulta	13/11/2019	6/6
Patricia Kearney	Gnáthchomhulta	13/11/2019	4/6
Liam Barry	Gnáthchomhulta	13/11/2019	5/6
Turlough Downes	Gnáthchomhulta	15/11/2020	6/6
Orla Muldoon	Gnáthchomhulta	15/11/2020	6/6
Claire Connolly	Gnáthchomhulta	08/10/2021	1/1
Colin Scott	Gnáthchomhulta	08/10/2021	1/1
Peter Brown	Ex-Officio	09/10/2017	6/6

\* D'éirigh sí as ar an 6 Nollag 2021 toisc go raibh a téarma oifige tagtha chun deiridh.

\*\* D'éirigh sí as ar an 30 Nollag 2021 toisc go raibh a dtéarma oifige tagtha chun deiridh.

Ceapadh an tOllamh Daniel Carey ina Cathaoirleach Eatramhach ar an 30 Samhain 2021 nuair a tháinig téarma oifige an Ollaimh Jane Ohlmeyer chun deiridh.

### Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoirreachta agus Foghlama san Ardoideachas

Ar an 1 Eanáir 2022, aistríodh an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoirreachta agus Foghlama san Ardoideachas chuig an ÚAO. Ní comhlacht reachtúil í an Fóram seo. Is é an comhlacht náisiúnta atá freagrach as ceannaireacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le múinteoirreacht agus foghlaim a fheabhsú i réimse an ardoideachais in Éirinn.

### Coisti

Bhí 6 choiste ag an mBord in 2021. I mí Meán Fómhair, cheadaigh an Bord athruithe do chúrsaí ballraíochta coiste le huasmhéid cúigear comhaltaí boird ceadaithe ar choiste ar bith. Is iad seo a leanas na mionsonraí a bhaineann leis na coistí:

### Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le riosca, rialú agus rialachas agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cuireann sé dearcadh neamhspleách ar fáil maidir le rioscaí agus córais bainistíocht an riosca. Áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhartha iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CIR le chéile 6 uaire le linn 2021. Tá ceathrarr comhaltaí Boird ar an CIR, chomh maith le ball seachtrach amháin a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais iniúchta. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana:

CIR roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CIR ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Sharon Feeney (Cathaoirleach)	
Deirdre Lillis	Deirdre Lillis (Cathaoirleach)
Pól Ó Móráin	Pól Ó Móráin
Lorna Fitzpatrick	Lynn Ramsey
Jim Mountjoy	Darina Kneafsey
Sinéad O'Flanagan	
Anne Brady, comhalta seachtrach	Anne Brady, comhalta seachtrach

### Coiste Airgeadais agus Rialachais

Is é ról an Choiste Airgeadais agus Rialachais (CAR) ná comhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí airgeadais agus rialachais agus leithdháiltí beartaithe deontais, agus maoirseacht a dhéanamh ar chistiúchán a thugtar do na hinstiúidí ardoideachais, ag féachaint do na tosaíochtaí beartais arna leagan amach ag an mBord. Tá an Coiste seo freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais inmheánacha agus riarrachán an Údarás um Ard-Oideachas, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais agus ar bhuiséid bhainistíochta. Tuairiscíonn an CAR don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CAR le chéile seacht n-uaire le linn 2021. Tá cúigear comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu ar an gCoiste Airgeadais agus Rialachais faoi láthair. Is iad seo a leanas comhaltaí an CAR le linn na bliana:

CAR roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CAR ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Jim Mountjoy	Sinéad O'Flanagan (Cathaoirleach)
Michael Horgan (Cathaoirleach)	Michael Horgan
Judith Eaton	Judith Eaton
Bahram Bekhradnia	Bahram Bekhradnia
Lorna Fitzpatrick/Clare Austick	Clare Austick
Darina Kneafsey	
Anne Brady, comhalta seachtrach	Anne Brady, comhalta seachtrach
Joe Heavey, comhalta seachtrach	
Michael O'Connell, comhalta seachtrach	

### Coiste Forbartha Córas agus Bainistíochta Feidhmíochta

Is é ról an Choiste Forbartha Córas agus Bainistíochta Feidhmíochta (CFCBF) ná tacú leis an mBord maoirseacht a dhéanamh ar chruthú agus ar forbairt na gcóras comhordaíthe d'instiúidí ardoideachais, gach ceann acu lena mhisin shoiléire éagsúlaithe acu agus iad diríthe go láidir ar thorthaí agus ar an maoiniú le haghaidh feidhmíochta. Tuairiscíonn an CFCBF don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CFCBF cúig huaire le linn 2021. Freastalaíonn cúigear comhaltaí Boird ar an CFCBF. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Forbartha Córas agus Bainistíochta Feidhmíochta le linn na bliana:

CFCBF roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CFCBF ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Tony Donohoe (Cathaoirleach)	Tony Donohoe (Cathaoirleach)
Sharon Feeney	Sharon Feeney
Lynn Ramsey	Lynn Ramsey
Darina Kneafsey	Judith Eaton
Michael Horgan	Clare Austick
Jim Mountjoy	
Sinéad O'Flanagan	
Ronan Lyons	
John Wall	

### An Coiste um Beartais agus Pleanál Straitéiseach

Is é ról an Choiste um Beartas agus Pleanál Straitéiseach (CBPS) ná anailís agus comhairle oibachtúil a chur ar fáil ar fud ceisteanna an ardoideachais, ag aithint ceisteanna tábhachtacha an bheartais agus na ceannaireachta san ardoideachas - láithreach agus fadtéarmach - in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Agus anailís an bheartais seo á dhéanamh aige, sé cuspóir an Choiste ná an t-ardoideachas a fheabhsú in Éirinn, agus an chuntasacht phoiblí a fheabhsú, trí thimpeallacht beartais níos eolaí a chruthú, agus trí fhreagairt praiticiúla a forbairt ar na ceisteanna straitéiseacha atá os comhair cheannairí na n-institiúidí ardoideachais agus na ngníomhaireachtaí poiblí. Tuairiscíonn an CBPS don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CBPS le chéile ceithre huaire sa bliain 2021. Tá cúigear comhaltaí Bord ar an CBPS faoi láthair. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Beartais agus Pleanál Straitéiseach le linn na bliana:

CBPS roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CBPS ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Darina Kneafsey (Cathaoirleach)	Darina Kneafsey (Cathaoirleach)
Sharon Feeney	Sharon Feeney
John Wall	John Wall
Bahram Bekhradnia	Bahram Bekhradnia
Pól Ó Móráin	Tony Donohoe
Deirdre Lillis	
Ronan Lyons	
Orla Feely	
Lynn Ramsey	
Judith Eaton	

### An Coiste Taighde agus Oideachais larchéime

Is é ról an Choiste Taighde agus Oideachais larchéime (CTOI) ná comhleanúnachas beartais a chinntí idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Comhairle Taighde na hÉireann; dréachtráitis an bheartais a ullmhú agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe den taighde agus oideachas iarchéime; maoirseacht agus tuairisciú a thabhairt don Bhord agus don Chomhairle maidir le beartas an taighde agus an oideachais iarchéime a chur i bhfeidhm ag an gcóras ardoideachais agus ag na hinstiúidí comhphárteacháin; agus athbhreithniú a dhéanamh ar na tionscnaimh beartais ar leith a chuireann an Bord nó an Chomhairle isteach. Tuairiscíonn an CTOI don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CTOI le chéile ceithre huaire in 2021. Tá cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste Taighde agus Oideachais larchéime faoi láthair, chomh maith le triúr comhaltaí Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Taighde agus Oideachais larchéime le linn na bliana:

CTOI roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CTOI ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Orla Feely (Cathaoirleach)	Orla Feely (Cathaoirleach)
Sinéad O'Flanagan	Sinéad O'Flanagan
Deirdre Lillis	Deirdre Lillis
Ronan Lyons	Jim Mountjoy
John Wall	Pól Ó Móráin
Adam Clarke, ANML	Jenna Barry, ANML
Jane Ohlmeyer, CTÉ	Jane Ohlmeyer*, CTÉ (go dtí 06/12/2021)
Felicity Kelliher, CTÉ	Felicity Kelliher*, CTÉ (go dtí 30/11/2021)
Liam Barry, CTÉ	Liam Barry, CTÉ

\* D'éirigh sí as a ról ar an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus tháinig an tOllamh Daniel Carey, Cathaoirleach Eatrámhach na Comhairle um Thaighde in Éirinn i gcomharbas uirthi. Tá folúntas amháin ar an CTÉ fós le líonadh.

### Coiste Achomhairc Pinsin

Is é ról Choiste Achomhairc na bPinsean (CAP) ná feidhm reachtúil a bhronntar ar an Údarás Ardoideachais a chur i bhfeidhm, sí sin breithníu a dhéanamh ar achomhairc phinsin a chuireann foireann na hollscoile isteach faoi Sceideal 5 d'Acht na nOllscoileanna, 1997. Tugtar gach cinneadh an Údarás um Ard-Oideachas maidir lena leithéid achomhairc le cead an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Tuairiscíonn CAP don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig CAP le chéile trí huaire in 2021. Tá ceithre comhaltaí Boird ar CAP faoi láthair. Is iad seo a leanas comhaltaí Choiste Achomhairc na bPinsean in 2021:

CAP roimh an 6 Meán Fómhair 2021	CAP ón 6 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh
Michael Horgan (Cathaoirleach)	Jim Mountjoy (Cathaoirleach)
Bahram Bekhradnia	John Wall
John Wall	Michael Horgan
Lorna Fitzpatrick	Orla Feely

**Sceideal Freastail**

Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ag na cruinnithe Boird agus Coiste le linn 2021.

Bord	Iniúchadh & Riosca	Airgeadais agus Rialachais	Forbartha Córás & Bainistiochta Feidhmiocha	Coiste um Beartais agus Pleánáil Straitéisigh	Taighde agus Oideachais larchéime	Coiste Achomhairc Pinsin
Iomlán na gCruinnithe	8	6	7	5	4	3
Michael Horgan	8/8		5/7	3/5		3/3
Bahram Bekhradnia	6/8		6/7	1/3	3/4	2/3
Orla Feely	8/8				1/3	3/4
Sinéad O'Flanagan	8/8	2/3	3/3	2/3		4/4
Lorna Fitzpatrick	4/4	3/3	4/4			1/1
Deirdre Lillis	7/8	5/6			3/3	2/4
Ronan Lyons	6/8			1/3	1/3	0/2
Jim Mountjoy	7/8	1/3	3/4	3/3		1/2
Lynn Ramsey	7/8	3/3		5/5	3/3	
John Wall	8/8			3/3	4/4	2/2
Sharon Feeney	8/8	4/4		5/5	4/4	
Tony Donohoe	8/8			4/5	1/1	
Judith Eaton	7/8		5/7	1/2	3/3	
Darina Kneafsey	8/8	2/3	4/4	3/3	4/4	
Clare Austick	4/4		3/3	1/2		1/1
Pól Ó Móráin	8/8	6/6			3/3	1/2

Tá na mionsonraí i leith táillí agus costais chomhaltaí uile an Bhoird le feiceáil i Nóta 16 de na Ráitis Airgeadais.

**Mórathruithe ó thaobh Pearsanra**

Tháinig téarma Lorna Fitzpatrick, Uas. mar Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn chun deiridh ar an 30 Meitheamh 2021 agus tháinig Clare Austick i gcomharbas uirthi mar chomhalta boird nuair a ceapadh í ina hUachtarán nuathofa ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

**Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**

Aithníonn an tÚdarás Ardoideachais an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht agus an cuimsíú maidir le gach ball foirne de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas agus tá meithleacha oibre bunaithe aige chun cur i bhfeidhm Dualgas Comhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí de chuid an Údaráis Ardoideachais a phleanáil agus a mhaoirsíú de réir an Acharta um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, 2016 gur cheart go dtabharfaí ceapacháin chuig Boird Stáit aird ar na buntáistí a bhaineann le bord éagsúil agus ar chothromaíocht inscne.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 8 (53%) ball baineann agus 7 (47%) fireann ag Bord an Údaráis um Ard-Oideachas. Mar sin, comhlíonn an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht bhoird na gcomhlachtaí Stáit. Tá ceathrar (50%) ban agus ceathrar (50%) fear ar fhoireann bainistíocht shinsearach an Údaráis um Ard-Oideachas.

**Nochtuithe a Cheangláitear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntíú gur chomhlíon an tÚdarás Ardoideachais riachtanaí an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsíú ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí i mí Lúnasa na bliana 2016. Éilitear sa chóid na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

**Sochair Ghearrhéarmacha na bhFostaithe**

Leagtar sochair ghearrrhéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 amach i nota 15. Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain 2021.

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Gearradh na costais comhairleachta seo a leanas ar chostais an oibriúcháin:

	2021 €'000	2020 €'000
Athbhreithnithe Rialachais	48	24
Cáin agus Comhairle Achtúireach	13	4
Iniúchadh Inmheánach	32	17
Comhairle RGS	3	39
Táillí Dlí	70	35
Taighde agus Comhairle an Bheartais	638	445
Athbhreithnithe Seachtracha agus Comhairleacha	340	265
Athbhreithniú ar Phróisis an Ghnó	82	173
Eile	47	103
<b>1,273</b>	<b>1,105</b>	

**Costais agus Réitigh Dlí**

Ní raibh aon chostais dlí sa tréimhse tuairiscithe maidir le socraíochtaí, idir-réiteach nó imeachtaí eadrána. Ní chuimsíonn an chatagóir seo an caiteachas i ndáil leis an ngnáthcomhairle dlí a fhaigheann an tÚdarás Ardoideachais atá le feiceáil sna costais Chomhairleachta thusa.

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Rangaítear costais taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
<b>ÉIRE</b>		
An Bord	3	1
Fostaithe	1	8
<b>IDIRNÁISIÚNTA</b>		
An Bord	0	7
Fostaithe	0	3
<b>Iomlán</b>	<b>4</b>	<b>19</b>

**Caiteachas Fáilteachais**

Déantar an caiteachas ar fháilteachas a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Foireann	0	-
An Bord	0	-
Tríú Páirtithe	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>0</b>	<b>1</b>

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Chomhlacthaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntíú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais um Chomhlacthaí Stáit a Rialú don bhliaín 2021. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Chomhlacthaí Stáit a Rialú don bhliaín 2021.

Thar ceann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas:

**Michael Horgan**

Cathaoirleach

Dáta: 28 Meitheamh 2022

## Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

### Raon Freagrachta

Aithním thar ceann Bord an Údarás Ardoideachais ár bhfreagracht as a chinntíú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha a chothabhláil agus a chur i bhfeidhm. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas na rialuithe inmheánacha deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal sásúil seachas deireadh a chur leis. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar botúin nó mírialtachtai ábhartha a chosc nó a aithint go tráthúil.

Tá córas an rialuithe inmheánacha, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás um Ard-Oideachas don bhliaín dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag an Údarás um Ard-Oideachas ar a bhfuil seisear comhaltaí an Bhoird agus ball seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta aige. Tháinig an CIR le chéile 6 huaire le linn 2021.

Rinneadh feidhm iniúchta inmheánaigh an Údarás um Ard-Oideachas a chur amach ar chonradh chuig an ngónlacht cuntasaíochta gairmiúil Deloitte tar éis tairiscint a reáchtáil faoi chreat Soláthar Oifig an Rialtais. Rinne an Bord Plean Iniúchadh Inmheánach 2021 a fhaomhadh. Cuimsíonn an plean seo athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas beartas bainistíocht riosca a forbairt ina leagtar amach inghlachthacht riosca, na próisis bhainistíocha riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí ar róil agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Eisíodh an beartas seo do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartas bainistíochta an riosca, chun bainistíocht an UAO a chur ar an eolas faoi na rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus chun laigí a rialú agus freagracht a ghlaicadh as na rioscaí agus as na rialuithe laistigh dá réimse oibre féin. Tá Clár an Riosca curtha ar bun agus, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar ábhair an riosca ag an gCoiste Iníúchóireachta agus Riosca, déanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar na rioscaí a n-aithnítear a mbaineann leis an Údarás Ard-Oideachas.

### Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíocha riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na bearta bainistíocha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthusan a mhéid is féidir.

Tá clár an riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Údarás um Ard-Oideachas agus rinneadh a leithéid a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a gcuid tábhachta. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár gach sé mhí agus déanann an CIR athbhreithniú air. Úsáidtear tortaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntíú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gó chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibriochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá bearta glactha ag an mBord lena chinntíú go bhfuil an timpeallacht rialaithe is iomchuí curtha i bhfeidhm trí na pointí seo a leanas:

- Freagrachtaí bainistíochta an údarás a leagan amach agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Línte soiléire na cuntasachta a chinntíú don bhainistíocht.
- Gnáis fhoirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla na gcoistí chun monatóireacht a dhéanamh ar gníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chumhdach.
- Gnáis a bhunú chun teipeanna suntasacha an rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntíú go ndéantar gach beart ceartaitheach is cuí.
- Cultúr láidir na cuntasachta a forbairt ar fud na heagraíochta.
- Glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú agus cloí leis.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Bhoird.
- A chinntíú go n-áiríonn timpeallacht an rialaithe Coiste Iníúchta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta don Bhord maidir le tortaí airgeadais.

Tá córas na rialuithe inmheánacha bunaithe ar chreat na faisnéise, na mbeartas agus gnás rialta na bainistíochta lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas an tarmligin agus na cuntasachta. Tá córais na monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm go háirithe:

- Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpriomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shainaithnítear.
- Tá córas cuimsitheach an bhuiséadaithe i bhfeidhm le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air. Cuimsíonn sé seo mionphróiseas pleanál an ghnó.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí an airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht dáiríre i gcoinne na buiséid.

Le linn 2020 agus 2021, chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maoiniú €89.3m ar fáil chun an tionchar airgeadais ar na hinstiúidí ardoideachais a bhain díreach le COVID a mhaolú agus chun aistriú na hearnála a éascú chuig seachadadh agus measúnú ar líne, chun ullmhú le haghaidh filleadh slán ar an oideachas de réir riachtanais sláinte poiblí agus chun tacaíocht a thabhairt don fhreagairt túslíne. Chumhdaigh an maoiniú seo an tréimhse ó thús na paindéime go dtí deireadh na bliana acadúla 2020/2021.

Chuir an ÚAO roinnt cosaintí láidre i bhfeidhm chun a chinntí gur úsáideadh an maoiniú a cuireadh ar fáil chun na gcríoch a bhí leis. I measc na gcosaintí seo, eisíodh téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe, coinníodh siar 15% den mhaoiniú go dtí gur cuireadh éilimh i gcríoch agus fostáiodh comhlacht seachtrach chun iniúchtaí a dhéanamh ar éilimh. Rinne na hiniúchtaí seachtracha athbhreithniú ar éilimh arbh fhiú €72.0m iad agus sainaithníodh €2.8m de chaiteachas neamhincháilithe de réir na gcoinníollacha agus €3.6m de chaiteachas eile agus, cé go raibh sé dlíteanach, bhain sé le 2021. Níor ceadaíodh iad sin. Rinne an dara tráinse d'iniúchtaí athbhreithniú ar éilimh arbh fhiú €11.8 iad agus sainaithníodh caiteachas neamhincháilithe €0.2m. Níorbh fhios ag an túis cén tacaíocht mhaoinithe, dá mba ann dó, a gcuirfi ar fáil d'instiúidí, mar sin ní raibh sásraí mionsonraithe i bhfeidhm ar dtús chun an t-eolas riachtanach a bhailíú i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha maoinithe. Forbraíodh na sásraí sin de réir agus a cuireadh na coinníollacha maoinithe in iúl. B'ionann na hélimh dheireanacha agus €96.3m, méid a bhí ní ba mhó ná an maoiniú a bhí ar fáil. Rinneadh glaníocaíochtaí €89.3m d'instiúidí ardoideachais agus aisghabháil an ÚAO aisíocaíochtaí ar bith a bhí dlite.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas chun a chinntí go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha an tsoláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas i gcomhréir go hiomlan ó thaobh soláthair de.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i láthair san Údarás um Ard-Oideachas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid gnás um bainistíocht agus rialú an riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údarás um Ard-Oideachas ar éifeachtacht córas inmheánach an rialithe bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, ar na hiniúchóirí seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Údarás um Ard-Oideachas atá freagrach as creat inmheánach rialú an airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuite inmheánacha don bhliain 2021.

Níor aithníodh aon laigí sa rialú a éilíonn noctadh sa Ráiteas ar Chórás an Rialaithe Inmheánaigh.



**Michael Horgan**

Cathaoirleach

Dáta: 28 Meitheamh 2022



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Comptroller and Auditor General

#### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

##### An tÚdarás um Ard-Oideachas

###### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Údarás um Ard-Oideachas don bhlain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir fhorálacha Acht um Údarás um Ard-Oideachas 1971. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na notaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fior agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údarás amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar ioncam agus ar chaiteachas don bhlain dar gcríoch 2021 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn*.

###### An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúid Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeán sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

###### Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá fainseis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Údarás. Áirítear achoimre ar shocruithe rialachais chorparáidigh, ráiteas rialachais agus tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, ráiteas ar an gcóras um rialú inmheánach agus sceideal i ndáil le deontas ioncaim.

Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscim trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam i leith na n-ábhar sin.

*Seamus McCarthy*

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Tá comhaltaí an Bhoird freagach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a phorordaítear faoin Acht um Údarás um Ard-Oideachas 1971
- a chinntí go dtugann na ráitis airgeadais léargas fior agus cothrom de réir FRS102
- rialtach na n-idirbheart a chinntí
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhoinn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éiltear orm faoi Acht an Údarás um Ard-Oideachas, 1971 ráitis airgeadais an Údarás a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaite ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcoinéil, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráiteas ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascrait ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchsú ráesúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin ná le chéile, tionchar ar chinníte eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Narioscaí a bhaineann le mhíráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainainthint agus a mheas; nósannaimeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhoinn nósannaimeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbearcas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus na noctuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta a chinneadh, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann ná nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí ná

coinniollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údarás leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, ná mura leor noctuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidi bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí ná coinniollacha amach anseo a bheith mar chús leis an Údarás scor de bheith ag feidhmíú mar ghnóthas leantach.

Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear noctuithe, agus cibé an léiríonn ná nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teaghmáil leasan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainainthim le linn m'iniúchta. Tuairiscim trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhasnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, ná
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfai na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchui agus go réidh, ná
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

###### Fasnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhasnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhasnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhasnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais ná le heolas a fuarthas le linn an iniúchta ná sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocráim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhasnéis eile seo, éiltear orm tuairisciú ina leith sin.

###### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit a fhagheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscim má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tsúl a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtach na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, ná sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdarás a dhéanann rialú orthu.

## Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais Oireachtas	2	1,848,191	1,631,036
Deontais Eile	3	24,455	20,385
Ioncam Eile	4	8,174	11,957
Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Sochair Scoir	17(a)	1,012	1,368
		<b>1,881,832</b>	<b>1,664,746</b>
Leithdháileadh chun críocha Caipitil	9	0	31
		<b>1,881,832</b>	<b>1,664,777</b>
<b>Caiteachas</b>			
Deontais Iníochta	5	1,869,880	1,652,478
Costas Oibriúcháin	6	11,893	11,039
Ús		10	24
		<b>1,881,783</b>	<b>1,663,541</b>
Barrachas roimh aistrithe ón gCaipiteal		49	1,236
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	9	29	55
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>78</b>	<b>1,291</b>
Iarmhéid tugtha ar aghaidh, 1 Eanáir		3,354	2,063
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh, 31 Nollaig</b>		<b>3,432</b>	<b>3,354</b>

Tá na Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

**Michael Horgan**  
Cathaoirleach

**Alan Wall**  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28 Meitheamh 2022

Dáta: 28 Meitheamh 2022

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
<b>Barrachas don bhliain</b>			
Brabús (Cailteanas) Achtúireach ar Shócmhainní/(Dliteanais)	17 (d)	(574)	(3,504)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir larchurtha		574	3,504
<b>Ioncam Cuimsitheach lomlán don Bhliain</b>		<b>78</b>	<b>1,291</b>

Tá na Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Michael Horgan**

Cathaoirleach

**Alan Wall**

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28 Meitheamh 2022

Dáta: 28 Meitheamh 2022

## Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
<b>Sócmhainní Neamh-Reatha</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	8	92	121
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	10	7,102	6,912
Coibhéisi Bainc agus Airgid	7	66,315	96,307
		73,417	103,219
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Iníoctha agus Caiteachas Fabhraithe	11	69,985	99,865
Glansócmhainní Reatha		3,432	3,354
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		3,524	3,475
Oibleagáidí Sochair Scoir			
Maoiniú Sochair Scoir larchurtha	17(e)	40,427	38,841
Dliteanais Sochair Scoir	17(e)	(40,427)	(38,841)
Glansócmhainní Iomlána		3,524	3,475
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Cúlchiste Caipitil	9	92	121
Cúlchiste loncaim	12	3,432	3,354
		3,524	3,475

Tá na Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Michael Horgan  
Cathaoirleach

Alan Wall  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28 Meitheamh 2022

Dáta: 28 Meitheamh 2022

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgeadais don bhliaín dar críoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €'000	2020 €'000
<b>Sreabhadh an Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas don bhliaín	78	1,291
Dímheas agus lagú na sócmhainní seasta	29	55
(Méadú) ar na hInfháltais	(190)	(1,178)
Méadú (laghdú) ar shuimeanna iníochta	(29,880)	59,654
Ús locta	10	24
Leithdháileadh chun an Caiteachas Caipitil a Mhaoiniú	0	0
Aistriú ó Chuntas Cúlchiste an Chaipitil	(29)	(55)
<b>Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>(29,982)</b>	<b>59,791</b>
<b>Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistiúcháin</b>		
